Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2013

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíocht agus Sóisialta

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2013

## EACNAMAÍOCHT BHAILE – EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA

## ARDLEIBHÉAL

## 280/320 MARC

## SCÉIM MHARCÁLA

*Treoracha d'Iarrthóirí*

**Roinn A** Tá **dhá cheist déag** sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **deich** gceist ar bith a fhreagairt.
Tá **6** mharc ag gabháil le gach ceist.

**Roinn B** Tá **cúig** cheist sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile a fhreagairt**.
Tá **80** marc ag gabháil le **Ceist 1**.
Tá **50** marc an ceann ag gabháil leis na **Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5**.

**Roinn C** Tá **trí** cheist sa roinn seo.
Ní mór d'iarrthóirí **ceist amháin** ar ábhar roghnach a fhreagairt,
ar a n-áirítear **cuid (a)** den cheist sin mar aon le **cuid (b) nó cuid (c)**.
Tá **80** marc an ceann ag gabháil leis na hábhair roghnacha **1** agus **3**.
Tá **40** marc ag gabháil le hábhar roghnach **2**.

*Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*

- *Níl na tuairiscí, modhanna agus sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí bailí eile.*

- *Maidir leis an méid mionsonraí is gá i bhfreagra ar bith, is é an comhthéacs agus an chaoi a n-iarrtar an cheist a chinneann sin, chomh maith leis an líon marcanna a shanntar ar an bhfreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht sna riachtanais agus sna marcanna ó bhliain go bliain, mar sin.*

- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.*

## Roinn A

**Freagair deich gceist ar bith as an roinn seo.**
**Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.**

**1.** Comhlánaigh an tábla thíos maidir leis na feidhmeanna bitheolaíocha atá ag próitéin. **(6)**

| **Cineál** | **Feidhm** |
|---|---|
| Próitéiní struchtúracha | **Déanann siad cealla an choirp, matáin agus craiceann a fhás agus a dheisiú** |
| Próitéiní gníomhacha fiseolaíocha | **Déanann siad hormóin, einsímí, antasubstaintí, próitéiní fola, núicléapróitéiní a tháirgeadh** |
| Próitéiní cothaitheacha | **Déanann siad aimínaigéid a sholáthar don chorp; Baintear úsáid as farasbarr próitéine le haghaidh fuinnimh, etc.** |

**2.** Maidir le lipidí, mínigh **gach** ceann de na téarmaí seo a leanas: **(6)**

*Bréine ocsaídiúcháin*
**Tarlaíonn bréine ocsaídiúcháin mar thoradh ar imoibriú a tharlaíonn idir aigéid shailleacha neamhsháithithe agus ocsaigin san aer; comhcheanglaíonn ocsaigin leis na hadaimh charbóin ag an nasc dúbailte; bíonn sí ina cúis le boladh bréan míthaitneamhach mar gheall ar tháirgeadh na gcomhdhúl i.e. aildéad agus céatón, etc.**

*Bréine hidrealaíoch*

**Tarlaíonn bréine hidrealaíoch nuair a hidrealaíonn einsímí (liopáisí) saillte, á ndianscaoileadh ina n-aigéid shailleacha agus i ngliocról; d'fhéadfadh miocrorgánaigh atá i láthair i mbianna sailleacha einsímí a tháirgeadh ar féidir leo blas agus boladh míthaitneamhach a chur ar shaillte; tarlaíonn sí i reoiteoirí nuair nach scriostar einsímí, etc.**

**3.** Tarlaíonn na riochtaí atá liostaithe thíos de thoradh easpa vitimíní ar leith sa réim bia. Ainmnigh an vitimín i n**gach** cás. **(6)**

| **Riochtaí** | **Vitimín** |
|---|---|
| Daille oíche | **A** |
| Raicíteas | **D** |
| Drochthéachtadh fola | **K** |
| Ainéime | **C; B12; Aigéad Fólach/Fóláit** |
| Beri-beri | **$B_1$/Tiaimín** |
| Fabhtanna néarfheadáin | **Aigéad Fólach/Fóláit** |

**4.** Ainmnigh **trí** chineál plúir agus mol úsáid do gach ceann díobh sa chócaireacht. **(6)**

| Cineál plúir | Úsáid sa chócaireacht |
|---|---|
| **1. plúr caiscín** | **arán, boinn phíotsa, etc.** |
| **2. plúr saor ó ghlútan** | **táirgí céiliacha, etc.** |
| **3. plúr ardchóimheasa** | **milseogra, etc.** |

Cineálacha: **plúr láidir; plúr clochmheilte; plúr éiritheach; plúr míne cruithneachta; gránphlúr; rísphlúr plúr bán, etc.**
Úsáidí: **cácaí; arán; taosrán; tiúchan, etc.**

**5.** Déan idirdhealú idir na leatháin déiríochta seo a leanas agus tabhair sampla **amháin** de gach ceann díobh **(6)**

*Leatháin bheagmhéathrais*

**Is é atá sna leatháin seo thart ar leathchuid den méid saille atá in im (38-40%); oiriúnach dóibh siúd atá ar aiste bia rialaithe ar bheagán calraí – is é atá iontu 95kcal i ngach 25g, i gcomparáid le 185kcal i ngach 25g atá i margairín nó in im; áirítear leis na comhábhair uisce, ola phlandúil agus próitéiní bainne; tá siad ar bheagán sáitheán agus tá siad ard ó thaobh aigéid shailleacha mhonai-neamhsháithithe de; is féidir iad a úsáid mar leathán, ach níl siad oiriúnach don bhácáil ná don fhriochadh mar gheall ar an méid ard uisce atá iontu, etc.**

*Sampla* ***– Dairygold Light; Avonmore Extra Light***

*Leatháin feidhmiúla déiríochta*

**Tá fianaise ann go laghdaíonn siad colaistéaról; déanta as ola lus na gréine, as ola phlandúil, as bhláthach, as fíteastanól, ó uisce agus ó shalann; coisceann na fíteastanóil (eistear stanóil) ionsú colaistéaróil sa stéig bheag ionas gur féidir é a eisfhearadh ón gcorp; níl aon aigéid hidriginithe shailleacha iontu agus níl ach líon an-bheag aigéad tras-sailleach iontu, etc.**

*Sampla* - **Benecol, Flora Pro-Active.**

**6.** Comhlánaigh an tábla thíos maidir le héilliú bia. **(6)**

| An t-ábhar éillithe | Conas a tharlaíonn an t-éilliú | An tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar an gcorp |
|---|---|---|
| **Lotnaidicídí** | **Déantar feithidicídí, luibhicídí agus fungaicídí a spraeáil ar bharra, éillítear an t-uisce de bharr reatha ó na barra a spraeáladh, iompraítear san aer iad, téann siad isteach san uisce agus glacann plandaí agus orgánaigh ithreach leo, etc.** | **Fadhbanna riospráide; fadhbanna croí agus imshruthaithe; éalanga breithe; déanann siad difear don néarchóras; d'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le hailse, etc.** |
| **Iarmhar miotal** | **Aistrítear iad go bia ó ithir, ó uisce agus ó phíobáin uisce, ó choimeádáin bhia – baintear úsáid as luaidhe chun cannaí bia a shéalú, trealamh cócaireachta, itheann daoine an bia éillithe, etc.** | **Crampaí goile; damáiste do na duáin agus don ae; déanann siad difear don chóras imdhíonachta; déanann siad difear don néarchóras, tinnis chinn, etc.** |

**7.** Mínigh **gach** ceann díobh seo a leanas i dtaca le reo de: **(6)**

*Mear-reo*

**Reoitear bia go mear ag -25ºC go -40ºC sa rannóg mear-reo de reoiteoir; cruthaítear criostail bheaga oighir laistigh den bhia, rud a dhéanann níos lú damáiste do chillbhallaí an bhia; coinnítear luach cothaitheach, uigeacht, dath agus blas i riocht níos fearr ná mar a choinnítear iad i gcás reo mall, etc.**

*Reo mall*

**Tarlaíonn reo mall ag 0ºC go-24 ºC nó níos airde; tá na criostail oighir mór agus déanann siad damáiste do chealla an bhia; rud a bhíonn ina chúis le cailleadh uigeachta, cothaitheach, datha agus blais nuair a leáitear an bia, etc.**

**8.** Déan idirdhealú idir **gach** ceann de na miocrorgánaigh seo a leanas: **(6)**

*Miocrorgánaigh aeróbacha:* **tá ocsaigin de dhíth orthu le maireachtáil, etc.**

*Miocrorgánaigh anaeróbacha:* **is féidir leo maireachtáil gan ocsaigin, etc.**

*Miocrorgánaigh ilacmhainneacha:* **oiriúnaíonn siad iad féin do thosca aeróbacha / anaeróbacha, etc.**

**9.** Luaigh an fheidhm atá ag **gach** ceann de na páirteanna seo a leanas de chuisneoir: **(6)**

*Comhbhrúiteoir:* **Is ann a bhíonn an cuisneán gásach, etc.**

*Comhdhlúthadán:* **Fuaraíonn sé an cuisneán gásach, á athrú ina leacht, etc.**

*Galaitheoir:* **Tiontaíonn sé an cuisneán ar ais ina ghás, tarraingíonn teas ón taobh istigh den chuisneoir agus coinníonn bia fuar, etc**

**10.** Tabhair breac-chuntas ar an ról atá ag **gach** ceann d'eagraíochtaí na dtomhaltóirí atá ainmnithe thíos. **(6)**

*Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann (CAI)*

**Déanann sé *taighde* agus suirbhéanna ar earraí agus ar sheirbhísí, agus foilsítear an taighde agus na suirbhéanna sin san iris Consumer Choice; tugann sé *faisnéis* oibiachtúil maidir le táirgí agus le seirbhísí do thomhaltóirí; déanann sé *stocaireacht* ar an rialtas maidir le saincheisteanna tomhaltóirí; tugann sé comhairle trína 'Sheirbhís Phearsanta do Thomhaltóirí'; déanann sé ionadaíocht do thomhaltóirí ar roinnt comhlachtaí, etc.**

*Údarás Caighdeáin Fógraíochta na hÉireann (ASAI)*

**Cinntíonn sé gur cheart do gach cumarsáid mhargaíochta a bheith dleathach, réasúnta, macánta agus fírinneach; déanann sé imscrúdú ar ghearáin a dhéanann an pobal maidir le fógraí e.g. éilimh bhréagacha, ábhar gráiniúil etc. Féadfaidh sé a mholadh go ndéanfar fógra a athrú nó a bhaint, etc.**

**11.** Mínigh an fheidhm atá ag **dhá** cheann ar bith de na comhábhair seo a leanas de ghlantaigh fabraice: **(6)**

*Dromchlaghníomhaithe*

**Laghdaíonn siad teannas dromchla na fabraice, rud a fhágann gur féidir leis an uisce an fhabraic a fhliuchadh go maith, agus gur féidir an salachar a scaoileadh agus a scaipeadh san uisce, etc.**

*Einsímí*

**Baineann siad smáil phróitéinbhunaithe, agus móilíní móra próitéine á ndianscaoileadh acu ina gcáithníní níos lú, rud a fhágann gur féidir leis an nglantach oibriú ar bhealach níos éifeachtaí, etc.**

*Fluaraisigh*

**Cabhraíonn siad le solas a fhrithchaitheamh agus cuireann siad cuma níos báine ar an bhfabraic, etc.**

**12.** Maidir le buiséadú teaghlaigh, mínigh caiteachas riachtanach agus caiteachas lánroghnach. Tabhair sampla **amháin** de gach ceann díobh. **(6)**

*Caiteachas riachtanach* – **airgead nach mór a chaitheamh chun saol teaghlaigh a bhainistiú i.e. caiteachas ar nithe riachtanacha; is féidir leis a bheith seasta (ag an am céanna agus an méid céanna) nó neamhrialta (ag amanna éagsúla agus méideanna éagsúla), etc.**

*Sampla* – **Seasta: cíos/morgáiste; árachas; teileafón; etc**
**Neamhrialta: bia; éadaí; billí dochtúra; costais scoile, etc**

*Caiteachas lánroghnach* – **caiteachas ar nithe neamhriachtanacha; tarlaíonn sé seo tar éis gach caiteachas riachtanach agus gach coigilteas a dhéanamh, etc.**

*Sampla* – **só-earraí – laethanta saoire, fóillíocht, siamsaíocht, etc.**

## Roinn B

**Freagair Ceist 1 agus dhá cheist ar bith eile as an roinn seo.**
**Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na Ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.**

**1. Déantar daoine a spreagadh i dtreoirlínte na hÉireann maidir le hitheachán sláintiúil le héagsúlacht bia a ithe bunaithe ar *Phirimid an Bhia*. Léirítear thíos sonraí as suirbhé a thaispeánann céatadán na bhfreagróirí a itheann líon na riar laethúil a mholtar ó gach seilf de *Phirimid an Bhia* (1998 agus 2007).**

(*SLAN 2007: Suirbhé ar Stíleanna Maireachtála, ar Dhearcthaí agus ar an gCothú in Éirinn. Nósanna Cothaithe Dhaonra na hÉireann, An Roinn Sláinte agus Leanaí*)

| | 1998 % | 2007 % |
|---|---|---|
| **Gránaigh, arán agus prátaí** (6+ riar laethúil) | 40 | 26 |
| **Torthaí agus glasraí** (4+ riar laethúil) | 56 | 65 |
| **Táirgí bainne, cáise agus iógairt** (3 riar laethúil) | 22 | 20 |
| **Feoil, iasc, éineoil agus roghanna eile** (2 riar laethúil) | 36 | 39 |
| **An tseilf bhairr: Bia ina bhfuil mórán saillte, siúcra nó salainn** (níos lú ná 3 riar laethúla) | 14 | 14 |

(a) Maidir leis an eolas atá curtha ar fáil sa chairt, déan trácht **agus** mionphlé ar chéatadán na bhfreagróirí a itheann líon na riar laethúil a mholtar ó gach seilf de *Phirimid an Bhia.* **(24)**

***4 phointe @ 6 mharc an ceann***
***Bí ag súil le tagairt do 4 sheilf bhia***

D'fhéadfadh roinnt de na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sna pointí: **Tuairim ar an gcairt maidir leis na nithe seo a leanas: méadú nó laghdú i gcaitheamh bia, cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis an méadú nó leis an laghdú idir bliain amháin agus bliain eile; cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann leis na difríochtaí sa chéatadán caithimh idir grúpaí bia; tuairimí ar rátaí comhlíonta – ró-chomhlíonadh nó tearc-chomhlíonadh i.e. tugtar tuairim ar cé acu a itheann daoine céatadán níos mó nó níos ísle de bhia i ngrúpaí bia ar leith; iarmhairtí na rátaí comhlíonta, etc.**

***Gránaigh, arán agus prátaí (6+ riar laethúla):*** **tháinig laghdú ar chaitheamh gránach, aráin agus prátaí ó 1998 go 2007; is mó an seans go ndéanfaidh na fir 6 riar laethúla nó níos mó a chaitheamh; bíonn iontógáil róbheag charbaihiodráite ina cúis le cailliúint meáchain, etc.**
***Tionchar caitheamh carbaihiodráite:*** **is féidir impleachtaí sláinte a bheith ag baint le caitheamh bianna níos próiseáilte agus bianna saoráideacha; bíonn iontógáil snáithín íseal ina cúis le galair phutóige e.g. iatacht, ailse dhrólainne, etc.**

***Torthaí agus glasraí (4+ riar laethúla):*** **moltar 5 riar torthaí agus glasraí a chaitheamh ar bhonn laethúil; is mó an seans go ndéanfaidh na mná 5 riar laethúla a chaitheamh ná na fir, etc.**
***Cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le rátaí caithimh*****; bíonn tuilleadh margaí feirmeoirí ag díol táirgí úra; bíonn tuilleadh daoine ag fás a gcuid torthaí agus glasraí féin; feachtais fógraíochta e.g. 'food dudes' i scoileanna, etc.**

***Táirgí bainne, cáise agus iógairt (3 riar laethúla):*** **d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag róchaitheamh nó ag tearc-chaitheamh ar shláinte chothaitheach, etc.**
***Cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le rátaí caithimh:*** **iontógáil neamhleor bianna atá ar mhórán cailciam, meastar go bhfuil mórán saille in a lán táirgí déiríochta, ailléirgí le táirgí déiríochta, etc.**

***Feoil, iasc, éineoil agus roghanna eile (2 riar laethúla):*** **d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag róchaitheamh nó ag tearc-chaitheamh ar shláinte chothaitheach, etc.**
***Cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le rátaí caithimh:*** **iontógáil neamhleor bianna atá ar mhórán iarainn e.g. d'fhéadfadh feoil dhearg a bheith nasctha le saill ard; inrianaitheacht feola, éineola etc. atá dírithe ar mhuinín a chruthú as an tionscal bia tar éis scéalta sceimhle maidir le BSE agus le galar crúibe is béil, etc.**

***An tseilf bhairr: bianna ina bhfuil mórán saillte, siúcra nó salainn (níos lú ná 3 riar laethúla);*** **róchaitheamh – chaith 86% de dhaoine níos mó ná 3 riar laethúla; tá sé molta na bianna seo a chaitheamh go tíosach ar bhonn laethúil mar go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar shláinte, etc.**
***Cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le rátaí caithimh:*** **tuilleadh bialann agus siopaí mearbhia. Mar thoradh air sin, bíonn níos mó daoine ag ithe agus ag ceannach bia ó bhialanna nó ó shiopaí sceallóg, etc.**
***Tionchar a bhaineann le caitheamh*****: bíonn níos mó fuinnimh á thógáil ag daoine ná mar a bhíonn ag teastáil uathu, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le méadú meáchain; méadú ar líon na ndaoine a bhfuil diaibéiteas chineál 2 orthu; méadú ar líon na ndaoine a bhfuil ardbhrú fola nó galar corónach croí orthu; is mó an seans go ndéanfaidh daoine sna grúpaí sóisialta níos ísle bianna ón ngrúpa seo a chaitheamh, etc.**

(b) Luaigh na príomhthosca atá ag cur leis an murtall a bheith forleathan in Éirinn **agus** tabhair cuntas orthu. **(16)**

***4 phointe @ 4 mharc an ceann***

**Bíonn iontógáil fuinnimh níos mó ná aschur; drochroghanna bia (bia próiseáilte agus mearbhia); patrúin mhíshláintiúla itheacháin; stíl mhaireachtála neamhghníomhach; an easpa aclaíochta rialta; tosca síceolaíocha – dúlagar, féinmheas íseal; méadaíonn drugaí áirithe meáchan; neamhchothroime hormónach – faireog thíoróideach, etc.**

(c) Tabhair breac-chuntas ar an tábhacht a bhaineann le haigéid shailleacha sa réim bia. **(8)**

***2 phointe @ 4 mharc an pointe***

**Bíonn *aigéid shailleacha neamhsháithithe (aigéid chis-sailleacha)* úsáideach de ghnáth mar go gcabhraíonn siad le LDL a laghdú agus le HDL a mhéadú**
**Creidtear go méadaíonn *aigéid thras-sailleacha* minicíocht CHD – méadaíonn siad leibhéil LDL a fhágann colaistéaról ar bhallaí artairí; laghdaíonn siad HDL a bhaineann colaistéaról as imshruthú, etc., le linn cócaireachta, agus d'fhéadfadh próiseáil aigéad cis-sailleach a thiontú ina n-aigéid thras-sailleacha, etc.**
**Méadaíonn *aigéid shailleacha sháithithe* leibhéal cholaistéaról LDL agus laghdaíonn siad leibhéal cholaistéaról HDL, rud a mhéadaíonn baol CHD, etc.**
**Laghdaíonn *aigéid shailleacha óimige 3* an baol taoma croí, stróc, galar imshruthaithe agus cruthú téachtán fola; laghdaíonn siad an baol ailsí áirithe, bíonn siad nasctha le gníomhaíocht inchinn shláintiúil; meastar go n-imríonn siad ról in eachma a chosc, etc.**
**Ní féidir *aigéid shailleacha riachtanacha* a chruthú sa chorp. Dá bhrí sin, ní mór iad a fháil ó bhia – méadaíonn siad leibhéil HDL agus laghdaíonn siad leibhéil LDL, laghdaíonn siad minicíocht CHD, etc.**

(d) Déan cur síos ar struchtúr **gach** ceann díobh seo a leanas:
- aigéid chis-sailleacha
- aigéid thras-sailleacha
- aigéid shailleacha óimige 3. **(12)**

***3 phointe @ 4 mharc an ceann***

*Aigéad cis-sailleach –* **tarlaíonn siad nuair a bhíonn adaimh hidrigine ar cheachtar taobh den nasc dúbailte suite os cionn an tslabhra carbóin nó faoina bhun, etc.**
*Aigéid thras-sailleacha –* **tarlaíonn siad nuair a bhíonn adaimh hidrigine ar cheachtar taobh den nasc dúbailte suite os comhair an tslabhra carbóin, etc.**
*Aigéid shailleacha óimige 3 –* **tarlaíonn aigéad sailleach neamhsháithithe nuair a tharlaíonn an nasc dúbailte idir an 3ú hadamh carbóin agus an 4ú hadamh carbóin ar an slabhra carbóin, etc.**

(e) Déan plé ar an gcaoi a gcuidíonn lipéadú bia le tomhaltóirí chun roghanna eolacha i leith bia a dhéanamh. **(20)**

***5 phointe @ 4 mharc an ceann***

**Liostaítear na comhábhair in ord íslitheach ó thaobh meáchain de; Treoirmhéideanna Laethúla (GDAnna); cainníocht ábhar áirithe e.g. an méid mairteola i mburgair; luach fuinnimh; an tír as ar tháinig siad; dátaí ar chóir nithe a úsáid fúthu ar earraí somheata, dátaí arb fhearr nithe a úsáid fúthu ar earraí neamh-mheatacha; treoracha maidir le stóráil agus le húsáid; tugann lipéadú bia faisnéis faoi chomhábhair GM; bia ionradaithe; córais dhathchódaithe (e.g. soilse tráchta) ina dtaispeántar na méideanna saille, siúcra agus salainn atá i ngach 100g den bhia nó i ngach cuid; baintear úsáid as lógónna sláinte, amhail poll eochrach na Sualainne, ar bhianna a chomhlíonann critéir chothaitheach áirithe de réir catagóir bia, agus cabhraíonn siad le tomhaltóirí roghanna atá níos fearr don duine a aithint agus a cheannach; méid choda agus líon na gcodanna in aghaidh an choimeádáin; ailléirgí bia – breiseáin a úsáidtear; saor ó shiúcra, ar bheagán saille; cineál agus saghas, etc.**

**2.** **'Ó tá tús áite tugtha d'athrú réim bia an daonra tá gá le tuiscint níos fearr ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar roghanna bia.'** *(An Chomhairle Eorpach um Fhaisnéis Bia)*

(a) Déan plé ar an tábhacht a bhaineann le feasacht aeistéitiúil maidir le bia a roghnú **agus** a chur i láthair. **(12)**

***3 phointe @ 4 mharc an ceann***
***(1 tagairt do rogha, 1 tagairt do chur i láthair + 1 cheann eile)***

***Rogha*** **– an chuma/radharc ar an mbia – baintear úsáid as an radharc chun cuma agus dath a mheas; cuma – méid, cruth, cuma dromchla; baintear úsáid as cuma agus as dath chun úire/aibíocht an bhia a mheas; baineann blasanna áirithe le dathanna áirithe e.g. líomóid/buí; táthar ag súil go bhfuil cuma agus dath áirithe ar bhianna áirithe e.g. tá múscán inghlactha ar cháis Stilton ach níl sé inghlactha ar arán, etc.**
**Boladh – tá cealla gabhdóra ag cuas na sróine, rudaí ar féidir leo boladh a bhrath agus is féidir a úsáid chun a chinneadh cé acu atá bia úr nó bréan, etc.**
**Uigeacht – braitheann an béal, trí mhothú, agus radharc uigeacht; tá roinnt uigeachtaí éagsúla tábhachtach nuair atáthar ag ithe béile e.g. sailéad briosc, etc.**

***Cur i láthair*** **– cuirtear dath le bia trí é a ghairnisiú nó a mhaisiú; dath i.e. dath iarbhír, athrú ar an dath mar gheall ar chócaireacht; déantar bia/béilí a mheas bhunaithe ar a gcur i láthair e.g. sliseoga parmasáin ar bhéilí pasta, siúcra reoáin ar chácaí, etc.**

(b) (i) Luaigh, agus samplaí á dtabhairt agat, cathain a úsáidtear tástálacha anailís chéadfach i dtionscal an bhia.

***2 phointe @ 4 mharc an pointe*** **(8)**

*Forbairt táirgí:* **forbraíonn cuideachtaí bianna féinbhranda le bheith cosúil leis an bpríomhbhranda; chun freagairt tomhaltóirí do tháirge a thomhas, etc.**
*Táirge atá ann cheana féin a athrú:* **bunaithe ar éileamh tomhaltóirí e.g. chun é a dhéanamh níos sláintiúla, baintear úsáid as malairt ar bheagán sóidiam in ionad salainn, baintear úsáid as comhábhar éagsúil nó as soláthraí comhábhar éagsúil, mar sin, déantar tástálacha difríochta le cinntiú nach féidir leis an tomhaltóir an t-athrú a bhrath, etc.**
*Táirge bia atá ann cheana féin a mheaitseáil:* **aithris a dhéanamh ar tháirgí brandáilte cáiliúla eile, etc.**
*Measúnú táirgí:* **le seiceáil go gcomhlíonann an táirge deiridh a shonraíochtaí bunaidh; déantar anailís ar thréithe ar leith e.g. brisce i mbrioscaí; rialú cáilíochta, etc.**

(ii) Ainmnigh **<u>trí</u>** phríomhchatagóir de thástálacha anailís chéadfach **agus** luaigh príomhaidhm na dtástálacha i ngach catagóir díobh. **(18)**

***3 chatagóir @ 6 mharc an ceann***
***Ainm na catagóire = 3 mharc, Aidhm = 3 mharc***

*Tástáil tosaíochta:* **baintear úsáid aisti chun faisnéis a sholáthar faoi cé acu is maith nó nach maith le daoine táirge e.g. baintear úsáid aisti chun a chinneadh cé acu is maith nó nach maith le tomhaltóirí táirgí / cé acu is fearr nó nach fearr leo táirge i gcomparáid le ceann eile / cé acu atá nó nach bhfuil sé ar intinn ag tomhaltóirí táirge a úsáid, etc.**
*Tástáil difríochta:* **baintear úsáid aisti chun difríochtaí beaga a bhrath i mbia e.g. an bhfuil difríocht ann, an dtabharfadh daoine an difríocht faoi deara, conas a chuirfeá síos ar an difríocht, etc.**
*Tástáil thuairisciúil:* **baintear úsáid aisti chun cur síos a dhéanamh ar na tréithe céadfacha a bhraitear a bheith ag táirgí e.g. cén blas atá ar an táirge, cad iad na tréithe céadfacha a bhraitear, conas a dhéanann athrú i bpróiseáil, i bpacáistiú nó i stóráil difear do cháilíocht chéadfach an táirge, etc.**

(c) Luaigh na fáthanna ar féidir oidis a mhionathrú / a chur in oiriúint. **(12)**

***3 phointe @ 4 mharc an ceann***

**Chun an béile a dhéanamh níos cothaithí i gcomhréir le treoirlínte bia shláintiúil e.g. chun an méid snáithín a mhéadú, chun freastal ar dhaoine atá ar aistí bia speisialta e.g. céiliaigh, chun cainníocht a mhéadú nó a laghdú (freastalaíonn gnáthoidis ar cheathrar daoine fásta); chun éagsúlacht a chur le hoideas bunúsach e.g. cnónna i suaithfhriochtaí glasraí; chun airgead a choigilt trí chomhábhair chostasacha a athsholáthar le comhábhair níos saoire e.g. margairín in ionad ime; i gcomhréir leis na rudaí is maith agus nach maith le daoine, etc.**

**3.** **Tá seilfré táirge ríthábhacht chun caighdeán agus brabúsacht an táirge a dhearbhú.**

(a) Déan plé ar na cúiseanna a bhaineann le milleadh bia ó thaobh gníomhú einsímí de. **(15)**

***3 phointe @ 5 mharc an ceann***

**Bíonn einsímí ina gcúis le milleadh bia ar thrí bhealach – ró-aibiú, donnú agus meath einsímí.**

*Ró-aibiú:* **bíonn einsímí ina gcúis le ró-aibiú bia e.g. éiríonn banana crua ró-aibí ina bhanana níos boige a bhíonn níos éasca le díleá; bíonn einsímí ina gcúis le ró-aibiú / le milleadh e.g. banana dubh, etc.**
*Donnú einsímeach:* **nuair a ghearrtar bianna áirithe, e.g. úlla, bananaí agus prátaí, scaoileann dromchla an ghearrtha ocsaíodáis agus bíonn sé faoi lé an aeir, rud a chuireann dath donn orthu, etc.**
*Meath einsímeach (lobhadh):* **is féidir le heinsímí in iasc a bheith ina gcúis le meath, fiú amháin ag teochtaí ísle, d'fhéadfaí glasraí a mhilleadh sa réiteoir, go háirithe sa chás nár bánaíodh iad sular reodh iad; gníomhaíonn ocsaigin an ocsaíodáis i gcillbhallaí plandaí agus is féidir léi tiaimín, Vitimín C agus caraitéin a scriosadh, etc.**

(b) Ainmnigh cineál **<u>amháin</u>** baictéir a bhíonn ina chúis le nimhiú bia **agus** tabhair sonraí faoi. **(20)**

***Ainm = 2 mharc***

Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- na coinníollacha atá riachtanach chun é a fhás = ***3 choinníoll @ 2 mharc an ceann***
- foinse = ***1 fhoinse @ 2 mharc***
- atáirgeadh / fás na mbaictéar = ***2 phointe @ 2 mharc an ceann***
- bianna ardriosca = ***3 bhia @ 2 mharc an ceann***

(c) Déan measúnú ar an ionradaíocht mar mhodh le bia a leasú. **(15)**

***3 phointe @ 5 mharc an ceann***

Buntáistí: **déanann ionradaíocht baictéir a bhíonn ina gcúis le nimhiú bia agus seadáin eile a scriosadh; seilfré níos faide; moillíonn sí aibiú agus péacadh i dtorthaí agus i nglasraí; ní bhíonn an oiread sin éifeachta aici ar dhath, ar bhlas ná ar uigeacht an bhia; cuireann sí deireadh leis an ngá a bhíonn le leasaithigh cheimiceacha, etc.**

Míbhuntáistí**: ní bhíonn ionradaíocht oiriúnach do bhia ina bhfuil mórán saille, bíonn sí ina cúis le bréine; easpa vitimíní; bíonn ardleibhéil radaíochta ag teastáil chun roinnt miocrób a scriosadh; imní an phobail; d'fhéadfaí iad a úsáid chun droch-dhéantúsaíocht a cheilt, etc.**

**4. D'fhéadfaí an bhainistíocht a shainmhíniú mar phleanáil agus cur i bhfeidhm acmhainní chun éilimh a shásamh.**

(a) Déan plé ar **cheithre** thoisc a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar bhainistíocht acmhainní an teaghlaigh. **(20)**

***4 phointe @ 5 mharc an ceann***

*Comhdhéanamh an teaghlaigh:* **líon na ndaoine sa teaghlach, daoine ann a bhfuil riachtanais speisialta acu, teaghlaigh aontuismitheora nó teaghlaigh bheirt tuismitheoirí, etc.**
*Céimeanna i dtimthriall na beatha:* na **tosaíochtaí atá ag teaghlach le leanaí éagsúil leo siúd atá ag teaghlach gan leanaí, mar go nglacann leanaí páirt sa phróiseas cinnteoireachta de réir mar a théann siad in aois, etc.**
*Patrúin fostaíochta:* **líon na mball teaghlaigh atá ag obair, cé acu atá an fhostaíocht laistigh den bhaile nó lasmuigh de, cineál fostaíochta, uaireanta fostaíochta, etc.**
*Stádas socheacnamaíoch:* **tá riachtanais éagsúla ag daoine ó chúlraí socheacnamaíocha difriúla, cuireann daoine ó chúlraí socheacnamaíocha níos ísle béim ar riachtanais, agus cuireann daoine ó chúlraí socheacnamaíocha níos airde béim ar shó-earraí, etc.**
*Cultúr:* **is féidir le cultúr na tíre tionchar a imirt ar bhainistíocht teaghlaigh e.g. gnás feistis, an bia a itear, cleachtais reiligiúnacha, etc.**
*Bainistíocht déról:* **tagraíonn sé seo do chásanna ina n-oibríonn an bheirt pháirtithe lasmuigh den bhaile agus ina bhfuil pleanáil bhreise ag teastáil; teaghlaigh aontuismitheora – ualach breise ar an tuismitheoir toisc gurb é/í an saothraí agus an tuismitheoir araon, etc.**
*Róil inscne –* **róil nó iompar atáthar ag súil le bheith ag fir agus ag mná, comhpháirtíocht níos cothroime agus róil chomhroinnte sa lá atá inniu ann, etc.**
*Luachanna agus caighdeáin:* **déanann siad difear do bhainistíocht toisc go gcinneann siad na cinntí a dhéantar; nuair a athraíonn cúinsí i dteaghlach, is féidir le luachanna an teaghlaigh a athrú freisin e.g. tinneas ar bhall teaghlaigh, etc.**

(b) Toghadh tú mar chathaoirleach ar choiste shearmanas dheireadh na scoilbhliana. Bain úsáid as creat na bainistíochta (ionchuir, tréchuir agus aschuir) agus leag amach an plean don ócáid. **(18)**

***9 phointe @ 2 mharc an ceann***
***(3 phointe @ 2 mharc an ceann - ionchuir, tréchuir agus aschuir)***

***Ionchuir:*** **Éilimh – riachtanais; spriocanna; teastálacha; luachanna, etc.**
**Acmhainní –daonna; eacnamaíocha; ábhartha; comhshaoil, etc.**

*Tréchuir:* **Pleanáil; Eagrú; Cur i bhFeidhm;**
**Pleanáil – faisnéis a bhailiú, roghanna eile a mheas, réim ghníomhaíochta a chinneadh, etc.**
**Eagrú – tascanna éagsúla a shannadh, cumarsáid leis an gcoiste, etc.**
**Cur i bhFeidhm – an plean a chur i ngníomh e.g. ionad a chur in áirithe, athruithe riachtanacha a dhéanamh nuair is gá, etc.**

*Aschuir / Meastóireacht:* **torthaí deiridh na n-ionchur agus na dtréchur a mheas – ar baineadh na spriocanna amach; ar athraíodh na luachanna; ar freastalaíodh ar na riachtanais; ar freastalaíodh ar na teastálacha; ar baineadh úsáid éifeachtach as na hacmhainní uile, etc.,** ***a*****r eagraíodh an ócáid ar bhealach éifeachtúil; ar fhreastail sí ar riachtanais an ghrúpa ranga; an raibh an rang sásta leis an ócáid, etc.**

(c) Tabhair cuntas ar an tábhacht a bhaineann leis an gcinnteoireacht i mbainistíocht acmhainní an teaghlaigh. **(12)**

***3 phointe @ 4 mharc an ceann***

**Is é atá i gceist le cinnteoireacht, faisnéis agus smaointe a chomhroinnt; is gá cinnteoireacht a dhéanamh chun tascanna a shannadh; luachanna, tuairimí agus ábhair imní a chomhroinnt; cabhraíonn sí le spriocanna a bhaint amach; is gá í a dhéanamh chun coimhlint/fadhbanna a réiteach; soláthraíonn meastóireacht réitigh le haghaidh feabhsúcháin amach anseo; cuireann sí feabhas ar éifeachtúlacht; faigheann daoine tuairim níos leithne ar shaincheisteanna trí iad a phlé, etc.**

**5. Is ionad tábhachtach é an teaghlach ina múnlaítear iompraíocht agus dearcthaí i dtaca leis an tsláinte de.**

(a) Mínigh na téarmaí socheolaíochta seo a leanas:
- cultúr
- noirm
- luachanna
- ról. **(12)**

***4 phointe @ 3 mharc an ceann***

*Cultúr:* **modh maireachtála sa tsochaí; áirítear leis teanga, ceol agus patrúin iompraíochta, luachanna, noirm, gnásanna a tugadh ar aghaidh ó ghlúin amháin go dtí an chéad ghlúin eile e.g. cultúr na hÉireann, etc.**
*Noirm:* **bealach inghlactha chun iompar sa tsochaí e.g. ciúáil, etc.**
*Luachanna:* **creidimh agus dearcthaí maidir le cad atá ceart agus cad atá mícheart, etc.**
*Ról:* **patrún iompair a mheastar a bheith cuí do dhuine de réir a róil sa tsochaí e.g. múinteoir, dalta, duine fásta, leanbh, tuismitheoir, etc.**

(b) Déan plé ar na hathruithe sóisialta, eacnamaíochta agus teicneolaíochta a théann i bhfeidhm ar theaghlaigh in Éirinn sa lá atá inniu ann. **(24)**

***4 phointe @ 6 mharc an ceann***
**(1 tagairt d'athruithe sóisialta, 1 tagairt d'athruithe eacnamaíochta, 1 tagairt d'athruithe teicneolaíochta + 1 cheann eile)**

*Athruithe sóisialta:* **cliseadh pósta; colscaradh; leanaí a rugadh taobh amuigh den phósadh; teaghlaigh mheasctha; líon níos lú de leanaí; máithreacha atá ag obair; aithreacha a fhanann sa bhaile; comhionannas ról; coimhlint róil; ró-ualú róil; rochtain ar oideachas; droch-chumarsáid i dteaghlaigh; fadhbanna sóisialta; cibearbhulaíocht, etc.**
*Athruithe eacnamaíochta:* **cor chun donais eacnamaíochta; méideanna teaghlaigh níos lú mar gheall ar an méadú sa chostas maireachtála; tugann an stát sochair airgeadais agus tacaíocht do theaghlaigh aontuismitheora agus do dhaoine dífhostaithe; is gá don bheirt tuismitheoirí a bheith ag obair lasmuigh den bhaile mar gheall ar an méadú sa chostas maireachtála agus tithíochta; mar gheall ar an gcúlú, tá ualach eacnamaíochta níos mó ar theaghlaigh de dheasca dífhostaíochta, aisíocaíochtaí morgáiste agus méadaithe i mbillí fóntais; tháinig na deacrachtaí airgeadais atá ann faoi láthair ón rochtain éasca a bhí ar airgead a fuarthas ar iasacht; teaghlach núicléach – neamhspleách – dul ar eisimirce; morgáistí móra, daoine fásta atá ag bogadh ar ais isteach in áras an teaghlaigh chun déileáil leis an gcor chun donais eacnamaíochta, etc.**
*Athruithe teicneolaíochta –* **sábhálann fearais tí am agus saothar; cuireann fearais tí leis an athrú i róil inscne ar leith; a bhuí le teicneolaíochtaí cumarsáide, tá sé níos fusa do dhaoine obair a dhéanamh amach ón mbaile agus tascanna tí a dhéanamh e.g. íocaíocht billí; tharraing scannáin aird ar na hionchais agus ar na heispéiris éagsúla i sochaithe agus i gcultúir eile; tá tionchar mór ag dul chun cinn teicneolaíochta – DVDanna agus leathanbhanda – ar shiamsaíocht sa bhaile; teicneolaíocht slándála e.g. aláraim; mar gheall ar olltáirgeadh, tá laghdú ag teacht ar an gcostas atá ar tháirgí agus tá siad ar fáil níos éasca do theaghlaigh, cibearbhulaíocht, etc.**

(c) Déan trácht ar an gcosaint a chuirtear ar fáil do leanaí faoi dhlí an teaghlaigh in Éirinn faoi láthair. Déan tagairt do **dhá** acht.
. **(14)**

**2 phointe @ 7 marc an ceann**
***(Ainm an Achta = 3 mharc, 1 phointe @ 4mharc an ceann)* x 2**

*An tAcht um Fhoréigean Baile, 1996 (An tAcht um an Dlí Teaghlaigh, 1976 – orduithe urchoisc alt 22):* **is féidir iarratas a dhéanamh le haghaidh orduithe sábháilteachta, urchoisc nó cosanta má tá leanaí cleithiúnacha faoi bhagairt foréigin fhisiciúil, ghnéasaigh nó shíceolaíoch ó bhall teaghlaigh; má bhristear ordú cúirte, is é an pionós ná fíneáil nó príosúnacht, etc.**
*An tAcht um Chúram Leanaí, 1991:* **is é atá i gceist leis an Acht seo seirbhísí sláinte; idirghabháil, ordú cúraim nó ordú maoirseachta – cuirtear iarrataí an linbh san áireamh; is féidir an leanbh a bhaint as áras an teaghlaigh, etc.**

*Acht na Leanaí, 1997:* **faigheann athair neamhphósta comhchaomhnóireacht an linbh, etc.**
*An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí), 1976:* **íoctar tacaíocht airgeadais chun sochair na leanaí cleithiúnacha; leanbh cleithiúnach – faoi bhun 18 mbliana d'aois, faoi bhun 23 bliain d'aois agus san oideachas, faoi mhíchumas, is cuma cé acu atá na tuismitheoirí pósta nó ag cónaí le chéile, etc.**
*An tAcht um Chaomhnú Áras an Teaghlaigh, 1976:* **ní féidir áras an teaghlaigh a dhíol gan toiliú na beirte céilí, is cuma cé leis an teach. Tá a fhios ag leanaí nach gcaillfidh siad a dteach, etc.**
*An tAcht um Imscaradh Breithiúnach nó An tAcht um Cholscaradh:* **soláthar do leanaí cleithiúnacha, etc.**
*An tAcht Comharbais, 1965:* **tá leanaí i dteideal dhá thrian den eastát; cearta áras an teaghlaigh, etc.**

# Roinn C

**Freagair ceist roghnach amháin as an roinn seo.**

## Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 1(a) agus 1(b) nó 1(c) a fhreagairt.**

**1.(a) Foirgnimh a thógtar faoin tuath, athraíonn siad an tírdhreach ó bhun agus bíonn tionchar an-mhór acu air mar is orthu a thiteann an tsúil..**

(i) Tabhair breac-chuntas ar fhorbairt stairiúil na stíleanna tithíochta in Éirinn ón naoú haois déag go dtí an lá atá inniu ann **(20)**

***5 phointe @ 4 mharc an ceann***

*Go Luath sa Naoú hAois Déag:* **Ceantair thuaithe go luath sna 1800í, an teachín tuí aon stóir; is é a bhí ann de ghnáth, dhá sheomra, cistin agus seomra leapa, bhí na ballaí tógtha le cloch sholadach, bhí na fuinneoga beag agus d'oscail an doras – ar leathdhoras é de ghnáth – isteach sa chistin; úsáideadh tine mhóna oscailte le haghaidh cócaireachta agus chun teas a sholáthar; bhí an tuí déanta as giolcacha, as cochán nó as féar; i roinnt teachíní, bhí seomra nó lochta a bhí suite díreach faoin tuí agus a raibh rochtain air trí dhréimire, chodail na leanaí ansin; chónaigh feirmeoirí saibhre i dtithe dhá stór a raibh díonta sclátaí orthu agus a raibh suas le cúig sheomra leapa, seomra suí san áireamh, ann; chónaigh tiarnaí talún saibhre i dtithe eastáit móra agus bhí ceathrúna na ngiollaí suite san íoslach de ghnáth, etc.**
Ceantair uirbeacha: **Tithe 2, 3, 4 stór ar stíl Sheoirseach, agus íoslaigh iontu, etc**
Na bruachbhailte: **bhí tithe sraithe beaga ag an lucht meánaicme, chónaigh siopadóirí os cionn a gcuid siopaí, chónaigh oibrithe i dteachíní aon stóir, etc.**

*Go Mall sa Naoú hAois Déag:* **ba iad na háiteanna cónaí ba choitianta, foirgnimh chloiche dhá stór a raibh díonta sclátaí orthu; bhí níos mó cineálacha ábhar tógála ar fáil mar gheall ar chúrsaí iompair a bheith feabhsaithe; bhí na stíleanna níos ornáidí – ar stíl Ghotach agus Thúdarach; baineadh úsáid as cloch; tithíocht tuaithe – tithe dhá stór a raibh díonta sclátaí orthu; tithíocht uirbeach – bhog daoine go dtí na bruachbhailte, roinneadh tithe Seoirseacha suas agus ligeadh ar cíos iad do theaghlaigh níos boichte, etc.**

*Go Luath san Fhichiú hAois:* **tithe scoite agus leathscoite; eastáit chomhairle agus tithíochta; úsáid brící agus ballaí plástair; tithe dhá stór mar go raibh talamh costasach; baineadh úsáid as tíleanna in áit sclátaí; bhí athruithe ar thithíocht i dtuath na hÉireann mar gheall ar leictriú na tuaithe (1950í) agus ar dheontais tithíochta ón rialtas; ghlac bungaló a raibh díon sclátaí air áit an teachín tuí a bhí ann roimhe sin, etc.**

*Go Mall san Fhichiú hAois:* **bhain eastáit tithíochta príobháidí úsáid as dearadh coiteann; bhí mórán dearaí éagsúla do thithe príobháideacha, dearaí clasaiceacha agus nua-aimseartha ina measc; tháinig feabhas mór ar chaighdeáin tithíochta mar gheall ar rialacháin foirgníochta; ábhair agus modhanna nua e.g. baineadh úsáid as déghloiniú, plaisteach (pvc) agus snáithínghloine, etc.**

*An tAonú hAois is Fiche:* **eastáit tithíochta, cé nach bhfuil ach stíl tithíochta amháin le fáil i ngach eastát, tá cuid mhór cineálacha tithe éagsúla, lena n-airítear tithe scoite aon stóir, tithe ar stíl dhormánta agus tithe leathscoite dhá stór; athchóiriú seanfhoirgneamh trochailte nó seanteachíní tuí; tithe saincheaptha ar láithreáin phríobháideacha; modh coitianta chun an spás laistigh de thithe a shíneadh is ea spás áiléir a athchóiriú agus fuinneoga Velux a chur isteach; is féidir síntí grianáin / seomra grianáin a fheiceáil ina lán tithe, etc.**

(ii) Tabhair cuntas ar shainriachtanais tithíochta na ngrúpaí seo a leanas:

- teaghlaigh
- daoine aonair
- daoine aosta. **(18)**

***6 phointe @ 3 mharc an ceann (2 phointe ar gach grúpa)***

*Teaghlaigh:* **Déanfaidh aois na mball teaghlaigh agus méid an teaghlaigh riachtanais tithíochta a chinneadh; tá riachtanas ag formhór na dteaghlach le cistin atá dea-fheistithe, aeraithe, geal agus fairsing; is gá go leor seomraí leapa a bheith ann chun freastal ar gach duine, lena n-áirítear stóráil leordhóthanach le haghaidh éadaí; d'fhéadfadh go mbeadh áiseanna staidéir ag teastáil ó dhéagóirí; tá seomraí folctha breise ag teastáil i gcás teaghlaigh níos mó; seomra suí – a úsáideann baill teaghlaigh chun a scíth a ligean**

**e.g. tá teilifíseán riachtanach; tá teophreas mór tábhachtach, go háirithe i gcás teaghlach ina bhfuil leanaí óga; tá gairdín cúil atá sábháilte agus iata ag teastáil ó theaghlach ina bhfuil leanaí óga; d'fhéadfadh go mbeadh garáiste nó seid ghairdín de dhíth chun trealamh gairdín agus spóirt a stóráil iontu; d'fhéadfadh go mbeadh garáiste ag teastáil ó theaghlach a bhfuil carr aige; d'fhéadfadh go mbeadh gaireacht don ionad oibre, do scoileanna, do pháirceanna agus d'iompar poiblí tábhachtach do theaghlaigh, etc.**

*Daoine aonair:* **beidh spás níos lú ag teastáil; tá níos mó roghanna tithíochta ar fáil do dhaoine aonair – seomraí suí is leapa, d'fhéadfadh tithe cathrach beaga nó árasáin a bheith ina roghanna oiriúnacha; tá roinnt tí coitianta i measc daoine óga aonair – roinneann na háitritheoirí an costas cíosa agus na costais uile; is minic a bhíonn gaireacht don ionad oibre tábhachtach do dhaoine óga aonair nach mbíonn gluaisteáin acu nó a roghnaíonn gan taisteal ar feadh achair fhada chun an ionaid oibre, gaireacht d'iompar poiblí, etc.**

*Daoine aosta:* **Tá na bunriachtanais tithíochta chéanna ag daoine aosta agus atá ag daoine eile. Mar sin féin, ní mór athruithe áirithe a chur san áireamh de bharr aoise agus riachtanais speisialta; toisc nach bhfuil mórán daoine aosta chomh soghluaiste le daoine eile, tá cóiríocht dhlúth níos oiriúnaí dóibh; d'fhéadfadh go mbeadh cathaoir staighre acu; d'fhéadfadh na nithe seo a leanas cabhrú le daoine aosta: ráillí láimhe atá feistithe i seomra folctha thíos staighre, urlárlach neamhsciorrach, leibhéal leithris ardaithe agus suíochán cithfholcadáin; toisc gur mó a théann aimsir fhuar i bhfeidhm ar dhaoine aosta, tá an-tábhacht ag baint le modh téimh bhaile atá éasca le húsáid, sábháilte agus éifeachtach; tá géarghá le dea-shoilsiú chun an baol titimí a laghdú; is minic a bhíonn gaireacht do shiopaí áitiúla, do leabharlanna agus don eaglais tábhachtach do dhaoine aosta a bhíonn ina n-aonar agus nach mbíonn ag tiomáint; tá slándáil go háirithe tábhachtach do dhaoine aonair a gcónaíonn leo féin; tá géarghá le fuinneoga agus glais dorais atá daingnithe; is féidir slabhraí dorais agus poill amhairc a fheistiú ar dhoirse ar mhaithe le tuilleadh slándála; is féidir córas cumarsáide aláraim a fheistiú; gníomhachtaítear é seo i gcás éigeandála agus tugann sé suaimhneas intinne do mhórán daoine aosta; i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh sé níos oiriúnaí do dhaoine aosta cónaí i sciath-thithíocht nó faoi chúram institiúideach in ionad a bheith ag leanúint le cónaí ina n-aonar, etc.**

(iii) Déan measúnú ar leorgacht an tsoláthair tithe sóisialta in Éirinn. **(12)**

***3 phointe @ 4 mharc an ceann***

**Tá tithe sóisialta ar fáil do dhaoine atá ar ioncaim níos ísle nó nach bhfuil sé d'acmhainn acu teach príobháideach a cheannach, tá siad á soláthar ag údarás áitiúil nó ag grúpaí tithíochta deonacha nó comharthithíochta; mar gheall ar an ráta ard dífhostaíochta le linn an chúlaithe, tá méadú tagtha ar líon na ndaoine atá ag glacadh tí ar cíos nó ag déanamh iarratais /chuig an údarás áitiúil le haghaidh tithíochta; méadú ar líon na ndaoine ar liostaí feithimh; tá daoine aosta, daoine faoi mhíchumas agus daoine gan dídean freagrach as níos mó ná 10% den liosta feithimh iomlán; méadú ar an éileamh ar thithíocht oiriúnach san earnáil seo mar gheall ar an méadú ar líon na ndídeanaithe agus an lucht iarrtha tearmainn freisin; d'fhéadfá a bheith ag fanacht le tithíocht ar feadh roinnt blianta; níl an soláthar ag freastal ar an éileamh; tugtar tosaíocht do theaghlaigh, do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine aosta, tá daoine aonair faoi mhíbhuntáiste; tacaíocht cíosa ar fáil; scéimeanna 'oibreacha feabhsúcháin' in ionad scéimeanna údaráis áitiúil. Níl an scéim cheannaigh ag tionóntaí ná scéimeanna tithíochta inacmhainne ar fáil a thuilleadh agus chuaigh sé sin i bhfeidhm ar an soláthar tithe sóisialta. Tá tóir níos mó ar an scéim chóiríochta ar cíos RAS 2004, etc.**

**agus**

**1.(b)** (i) Mínigh an bunphrionsabal a bhaineann le cineál amháin soilse atá tíosach ó thaobh fuinnimh de. **(12)**

***3 phointe @ 4 mharc an ceann***

*Dlúthaítear soilse CFL/fluaraiseacha:* **tríd an bhfeadán a lúbadh roinnt uaireanta; comhdhéanta d'fheadán gloine atá brataithe le fosfar; tá argón agus mearcair ann; nuair a shreabhann leictreachas, éiríonn na leictreoidí ag gach deireadh den fheadán gloine níos teo, rud a bhíonn ina chúis le galú an mhearcair; nuair a imoibríonn na gáis leis an mbratú fosfair, breonn an bratú, etc.**
*LED:* **dé-óid astaithe solais (*light emitting diode*); nuair a chuirtear ar obair iad comhcheanglaíonn leictreoidí le poill laistigh den bholgán agus scaoiltear (fótóin) fuinnimh; leictrealonracht an toradh air sin; is í bearna an fhuinneamhbhanda sa leathsheoltóir a shocraíonn an dath; laghdaíonn siad ídiú an fhuinnimh agus bíonn an tseilfré níos faide dá thoradh; d'fhéadfaidís a bheith i bhfoirm soilsiú bolgáin nó soilsiú rópa, etc.**

(ii) Tabhair sonraí **<u>trí</u>** fhorbairt nua-aimseartha i dteicneolaíocht na soilse. **(18)**

***3 phointe @ 6 mharc an pointe***

*Teicneolaíocht soilsithe nua:* **soilse fluaraiseacha dlútha; soilse LED; soilse halaigine; soilse snáthoptaice; soilse ísealvatachta; soilse tadhallíogaire; lasca maolaithe; soilse braiteora; soilse grianchumhachtaithe; soilse linne agus locháin; soilsiú tí atá á oibriú ag d'fhón póca/iPad, etc.**
*Feistiú solais:* ***Soilse Láir:*** **soilse láir comhréidhe, crainn solais, soilse ardaithe agus íslithe, etc.** ***Bracanna Balla:*** **leicneáin bhalla, soilse pictiúir, soilse sclóine, spotsoilse, soilse ballaí ceirmeachbhunaithe agus plástarbhunaithe, etc.** ***Soilse maisiúla:*** **soilsiú fochuntair agus caibinéid; soilsiú téastair agus fuinneoige, etc.** ***Lampaí:*** **soilse gníomhaithe mhaighdeogaigh, soilse gáis sholúbtha, soilse tadhaill, etc.** ***Soilse síleála:*** **soilse mill súile, soilse cuasaithe, riansoilse, etc.** ***Soilse urláir:*** **soilse maighdeogacha, soilse uasdírithe/soilse íosdírithe, etc.**
*Soilsiú Amuigh:* **soilsiú colúin, soilsiú braiteora, soilsiú scairdeáin grianchumhachtaithe, soilsiú céime agus deiceála, soilsiú linne agus locháin etc.**

**nó**

**1. (c) Tá sé tábhachtach an t-urlár ceart a roghnú do do theach nó do do ghnó. Ní mór dó an stíl mhaireachtála / na riachtanais ghnó atá agat a shásamh agus ní mór dó a bheith solúbtha agus marthanach go leor le caitheamh an tsaoil laethúil a sheasamh.**

(i) Mínigh **<u>gach</u>** ceann díobh seo a leanas:

- urláir sholadacha
- urláir chrochta. **(12)**

***4 phointe @ 3 mharc an ceann***
***(2 thagairt do <u>gach</u> cineál urláir)***

*Urláir sholadacha:* **déanta as coincréit, faightear iad de ghnáth ar an mbunurlár i dtithe nua-aimseartha, comhdhéanta de shraith chrua agus leac choincréite; cumhdaithe le cúrsa taisdíonach; sraith choincréite thanaí/sraith scríde mhín ar an mbarr, etc.**

*Urláir chrochta:* **faightear iad de ghnáth ar an gcéad urlár i dtithe; déanta as giarsaí adhmaid/coincréite/cruach atá cumhdaithe le plainc adhmaid teanga agus eitre; tá spás san adhmad chun gur féidir le haer cúrsáil chun taise a chosc, is féidir cúrsa taisdíonach a chur leo; is féidir greanáil agus vearnaiseáil a dhéanamh ar na plainc a úsáidtear chun na giarsaí a chumhdach, etc.**

(ii) Ainmnigh urlár leathchrua amháin agus urlár bog amháin a mholfá do sheomra suí teaghlaigh agus déan cur síos orthu. Luaigh an príomhbhuntáiste agus an príomh-mhíbhuntáiste a bhaineann le gach ceann díobh. **(18)**

**2 phointe @ 9 marc an ceann**
***(Ainm = 3 mharc, Cur síos = 2 mharc, Buntáiste = 2 mharc, Míbhuntáiste = 2 mharc) x 2***

*Urlár leathchrua:* ***adhmad, vinil, líonóil, corc, coighir, siseal, etc.***
*Adhmad:* **is féidir leis an adhmad a bheith ina phlainc adhmaid bhoga, urlár stéille – urláir adhmaid atá teangaithe agus eitrithe; stiallacha péine, adhmaid déile; sraith chrua-adhmaid thanaí atá ceangailte le bogadhmad; bloc-urlár e.g. urlár iontlaise nó mósáice, buanfasach; cothabháil íseal; tá formhór acu réamhshéalaithe; is féidir leo a bheith costasach; callánach (urlár iontlaise); fuar; furasta le marcáil agus le scrabhadh, etc.**
*Vinil:* **clóiríd pholaivinile – forbartha as peitriliam; roisín agus lí; cumhdach urláir plaisteach – buanfasach, furasta le glanadh, sláinteach, ciúin, athléimneach, friotaíocht in aghaidh aigéid, alcaile agus uisce; raon leathan dathanna agus dearaí éagsúla; tá vinil chúrdhromach bog faoi chois; neamhsciorrach; leánn sí nuair a chuirtear í faoi réir teochtaí arda; ar fáil i dtíleanna nó i leatháin aonair, etc.**

*Corc:* **díorthaithe ón gcrann corcdharach, déanta as gráinníní coirte, nasctha le chéile le roisín polúireatáin; slisnítear roinnt acu go díreach ón gcoirt; is féidir é a cheannach agus é séalaithe nó neamhshéalaithe; te; níl sé buanfasach, etc.**
*Coighir:* **déanta as snáithín cnó cócó, déantar í a bhogadh in uisce, a bhualadh, a shní, a fhí; righin, buanfasach, etc.**
*Siseal:* **díorthaithe ó phlanda dúghlas spíceach; buanfasach, furasta le glanadh; frithstatach, etc.**

*Urlár bog:* ***cairpéid, rugaí, tíleanna cairpéid etc.***
*Cairpéad:* **80% olann, 20% níolón; aicrileach, polapróipiléin, fite e.g. cairpéid Axminster, Wilton nó dhosacha, raon leathan dathanna éagsúla; bog faoi chois; buanfasach; athléimneach; te; costasach; is gá iad a fholúsghlanadh ar bhonn rialta; tá sé furasta iad a shalú, etc.**
*Tíleanna cairpéid:* **cearnóga cairpéid atá séalaithe ag an imeall; PVC nó rubar faoina mbun; aicrileach / poileistear; buanfasach smálfhriotaíoch; is féidir tíleanna aonair a athsholáthar má dhéantar damáiste dóíbh; raon teoranta dathanna agus patrún, etc.**

## Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh (40 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 2(a) agus 2(b) nó 2(c) a fhreagairt.**

**2.(a) Doras imrothlach is ea cúrsaí faisin. Athraíonn treochtaí leis na séasúir agus déantar stíleanna a athbheochan agus a athchóiriú gan stad.**

(i) Déan measúnú ar na treochtaí faisin reatha sna héadaí neamhfhoirmiúla.
Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- dath agus patrún
- líne / cruth
- oiriúintí. **(12)**

***4 phointe @ 3 mharc an ceann***
***(tagairt amháin do gach ceann + do cheann amháin eile)***

*Dath/patrún:* **dathanna geala; dathanna fluaraiseacha, painéaladh datha; priontaí geoiméadracha; patrúin ghnóthacha; pitseámaí mar éadaí amuigh, bríste clóite; móitífeanna 'blaosc'; (thar a bheith ornáideach, seacainí), etc.**
*Líne/cruth:* **scáthchruthanna áibhéalta; guaillí cocúin; briste ardchoime; bríste Capri; sciortaí agus gúnaí peipleam; cótaí táilliúrtha d'fhir, painseónna, cábaí, etc.**
*Oiriúintí:* **Criosanna; málaí móra, málaí cráige áibhéalta; seodra fluaraiseach; muincí bóna; loirgneáin theolaí; bandaí cinn; scaifeanna dathúla; bróga sofheicthe, etc.**

(ii) Déan cur síos, le cúnamh léaráide, ar mhodh amháin le jíons deinime a oiriúnú le go mbeadh cuma shainiúil orthu. **(7)**

***Cur síos = 3 mharc***
***Léaráid = 4 mharc***

**Cuma sheanré / thraochta, ciumhaiseanna stróicthe, paistí grátáilte/ stiallta; cuma punc, tuaradh; dath agus uigeacht a chur leo; cuma gluaisrothaí, stodaí a chur leo; seacainí; bróidnéireacht – fuaite ag inneall, de láimh; stionsail; appliqué – aghaidheanna aoibhiúla, etc.**

(iii) Déan measúnú ar dhearadh na jíons oiriúnaithe agus tú ag tagairt don fheidhm agus don tarraingt aeistéitiúil. **(6)**

***2 phointe @ 3 mharc an ceann***
***(1 tagairt d'fheidhm, 1 tagairt do tharraingt aeistéitiúil)***

**agus**

**2.(b)** Scríobh próifíl d'fhabraic **amháin** a dhéantar as snáithíní monaraithe.
Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- ainm na fabraice = ***2 mharc***
- táirgeadh snáithín = ***3 phointe @ 2 mharc an ceann***
- airíonna na fabraice = ***2 phointe @ 2 mharc an ceann***
- tástáil aitheantais snáithín = ***1 phointe @ 3 mharc***

**(15)**

***Ainm = 2 mharc***
**Sintéiseach e.g. Níolón, Poileistear, Aicrileach, etc.**
**Athghinte e.g. Vioscós/Réón, Aicéatáit, etc.**

Táirgeadh snáithín: **Déantar filiméad níolóin as ola nó as gual; déantar ceimiceáin (monaiméirí) a mheascadh agus a théamh agus déantar iad a leá chun polaiméirí níolóin a chruthú; déantar an leacht a**

**phumpáil trí shníomhadán agus a fhuarú chun snáithíní fada a chruthú, rudaí a dhéantar a riochtú agus a thochras ar spól, etc.**

***Snáithíní sintéiseacha:*** **Déantar níolón, poileistear, aicrileach go hiomlán as ceimiceáin; tagann snáithíní níolóin ó ghual nó ó ola a meascadh le haer, le huisce agus le ceimiceáin áirithe, etc.**

***Snáithíní athghinte:*** **tagann vioscós, aicéatáit, réón ó nádúr; ach cuirtear ceimiceáin leo chun airíonna áirithe a bhaint amach; tagann vioscós agus réón ó chrainn sprúis; déantar na sliseanna adhmaid a mheascadh le ceimiceáin agus a shní chun snáithíní a chruthú, etc.**

Airíonna fabraice:
**Níolón: láidir; leaisteach; éadrom; furasta le cothabháil; bog, etc.**
**Poileistear: láidir; seasmhach in aghaidh searradh agus crapadh; triomaíonn sé go gasta; seasmhach in aghaidh rocadh; éasca le ní, etc.**
**Aicrileach: éadrom, bog, te, leaisteach, triomaíonn sé go gasta, etc.**
**Vioscós/Réón: bog, réidh, ionsúiteach; triomaíonn siad go mall; ruaimníonn siad go maith; is féidir fithín a chur iontu; bog; deasaíonn siad rudaí go maith, etc.**
**Aicéatáit: réasúnta lag, measartha ionsúiteach; ruaimníonn sí go maith; seasmhach in aghaidh searradh; bailíonn sí leictreachas statach, etc.**

Tástálacha aitheantais snáithín:
**Níolón: deacair le dó, tá an boladh atá ó níolón cosúil leis an mboladh atá ó phlaisteach nó ó shoilire; fágann sileáin féasóg chrua liath bhéasa, etc.**
**Poileistear: is féidir é a leá agus a dhó; tá an deatach tiubh agus dubh; boladh milis uaidh; bíonn an t-iarmhar crua agus bíonn féasóg bheag dhonn aige; faoin micreascóp – bíonn na snáithíní ciorclach agus aonfhoirmeach, etc.**
**Aicrileach: táirgtear boladh géar, míthaitneamhach nuair a dhóitear é; iarmhar crua dubh, etc.**
**Vioscós: leanann sí de bheith ag dó (iarlaom) tar éis é a bhaint ón lasair; cuma liath ar an luaith a chruthaítear, bog, ciumhais réidh, bíonn an boladh cosúil leis an mboladh ó pháipéar atá ag dó, etc.**
**Aicéatáit: is féidir í a leá agus a dhó; leanann sí de bheith ag dó agus ag leá tar éis í a bhaint ón lasair, bíonn an luaidhe a chruthaítear briosc, dubh agus crua; boladh géar (searbhánta) uaithi, etc.**

**nó**

**2.(c) Is minic a mheastar faoina luach an méid a chuireann tionscal an fhaisin leis an ngeilleagar.**

(i) Mol conas a d'fhéadfaí tionscal faisin na hÉireann a chur chun cinn ionas go dtabharfaí aitheantas níos leithne dó. **(6)**

***2 phointe @ 3 mharc an ceann***

**Tacaíocht do Chomhairle Dearthóirí Faisin na hÉireann; tacaíocht ó Bhoird Fiontar; siopaí ag cur dearadh Éireannach chun cinn e.g. dearadh Chill Chainnigh; Blaganna; seachtainí faisin; dearthóirí ag táirgeadh raon éadaí do shiopaí mórshráide e.g. Louise Kennedy do Brown Thomas, Paul Costello do Dunnes, John Rocha, Ben de Lisi, do Debenhams; taispeántas dearthóirí ag seónna faisin idirnáisiúnta, etc.**

(ii) Pléigh, agus samplaí á dtabhairt agat, na cúiseanna a bhfuil an t-éileamh ar ceardaíocht teicstíle ag dul i méid. **(9)**

***3 phointe @ 3 mharc an ceann***

**Modh sóisialaithe; scileanna nua/traidisiúnta a fhoghlaim; tionchar sóisialta e.g. réaltaí scannáin ag cniotáil agus iad ar seit; clubanna cniotála/fuála; airgead a choigilt; tuilleadh am saor; gnó nuathionscanta; táthar ag lorg úrnuachta in éadaí; faisean a chruthaítear as ábhair athchúrsáilte; smaointe chun rath a bhaint amach le linn an chúlaithe; ceardlanna saor in aisce ar fáil ag imeachtaí amhail Bloom; seó cniotála agus fuála, etc.**

## Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta (80 marc)

**Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an t-ábhar roghnach seo 3(a) agus 3(b) nó 3(c) a fhreagairt.**

**3.(a) Sa saol dian atá ann faoi láthair, ina bhfuil an dífhostaíocht ard agus agóidí ar na sráideanna ag díriú airde ar dheacrachtaí crua eacnamaíochta an lae inniu, tuigtear do dhaoine go bhfuil an t-am thart nuair a d'fhéadfaí a bheith ag súil le fostaíocht sheasta agus poist a raibh sochair mhaithe ag dul leo.**

(i) Déan idirdhealú idir obair le pá **agus** obair gan phá. **(10)**

***2 phointe @ 5 mharc an ceann***

*Obair le pá:* **gnóthachan airgeadais – pá / tuarastal óna bheith ag obair in áit ainmnithe de ghnáth; d'fhéadfadh sí a bheith buan, sealadach, lánaimseartha, páirtaimseartha nó bunaithe ar chonradh; féinfhostaithe nó fostaithe ag duine eile; raon leathan scileanna ag teastáil, idir scileanna láimhe agus scileanna bainistíochta; soláthraíonn sí slándáil i bhfoirm pinsean, ÁSPC (PRSI), pá saoire agus breoiteachta, etc.**
*Obair gan phá:* **ní thugtar aon luach saothair ar son na hoibre; obair tí i.e. tógáil linbh, aire a thabhairt do dhuine aosta/faoi mhíchumas, tascanna ginearálta e.g. cócaireacht, glanadh, etc; gníomhaíochtaí DIY sa bhaile, etc.**

(ii) Déan plé ar an tionchar a bhíonn ag na hathruithe sóisialta, eacnamaíochta agus teicneolaíochta ar phatrúin na hoibre, **agus** ar an obair atá ar fáil in Éirinn. **(25)**

***5 phointe @ 5 mharc an ceann***
***(1 tagairt d'athruithe sóisialta, 1 tagairt d'athruithe eacnamaíochta, 1 tagairt d'athruithe teicneolaíochta + 2 cheann eile)***

***Athruithe sóisialta:*** **Riachtanais oideachais mhéadaithe chun fostaíocht a fháil – deacair do luathfhágálaithe scoile poist a fháil; níos mó solúbthachta in uaireanta oibre – rannpháirtíocht mhéadaithe na mban sa lucht saothair mar thoradh air; níos mó rannpháirtíochta ag na mná sa lucht saothair, etc.**
***Athruithe eacnamaíochta:*** **Coinníollacha oibre níos fearr – pá níos fearr agus obair a dhéanamh ón mbaile; cuid mhór ban ag filleadh ar an lucht saothar mar gheall ar an gcor chun donais san eacnamaíocht; meath sna tionscail phríomhúla agus thánaisteacha agus méadú sna tionscail seirbhíse – cailleadh post i ndéantúsaíocht, cuideachtaí ag aistriú chuig tíortha an Oirthir**
***Athruithe teicneolaíochta:*** **forbairtí i dtionscal; laghdú ar líon na n-uaireanta oibre mar gheall ar uathoibriú agus ar aschur méadaithe, cailleadh post toisc go bhfuil obair á déanamh anois ag meaisíní, níos lú idirghníomhaíochta sóisialta mar gheall ar chumarsáid leictreonach; meath sna tionscail phríomhúla agus thánaisteacha agus méadú sna tionscail seirbhíse cuideachtaí ag aistriú chuig tíortha an Oirthir, etc.**

(iii) Luaigh na tosca a mbíonn tionchar acu ar dhearcadh duine ar an obair **agus** déan mionphlé orthu. **(15)**

***3 phointe @ 5 mharc an ceann***

***Grúpa sóisialta:*** **is minic a bhíonn ard-aidhmeanna oideachais agus spriocanna fadtéarmacha níos airde ag leanaí ó ghrúpaí socheacnamaíocha níos airde; tugtar spreagadh dóibh agus, dá bhrí sin, is mó an seans a bhíonn acu obair a fháil sa réimse is mian leo; is minic a bhíonn níos lú deiseanna oideachais ag leanaí ó ghrúpaí socheacnamaíocha níos lú agus bíonn níos lú cáilíochtaí acu; is minic a fhaigheann siad fostaíocht i bpoist ísealstádais, agus easpa deiseanna acu dul chun cinn sa ghairm agus easpa sásaimh sa phost acu, etc.**
***Oideachas:*** **bíonn cáilíochtaí agus ionchais ghairme níos fearr ag grúpaí socheacnamaíocha níos airde, bíonn eispéireas níos dearfaí i leith na hoibre acu agus fanann siad i bhfostaíocht ar feadh tréimhse níos faide; bíonn deacrachtaí ag luathfhágálaithe scoile fostaíocht éadálach fhadtéarmach a fháil, etc.**
***Sásamh eistreach:*** **bunaithe ar thairbhí a bhaineann leis an obair seachas ar an bpost féin; obair thimthriallach neamhspéisiúil e.g. líne chóimeála – seans nach spreagfaidh an obair seo an t-oibrí, mar sin, seans go mbeidh an pá ar an aon ghné shásaimh; díorthaítear sásamh ón airgead a chaitheamh ar shó-earraí agus/nó ar shóisialú, etc.**

***Sásamh intreach:*** **tugann obair mothú sásaimh, pléisiúir agus scóip do chruthaitheacht; bródúil as a c(h)uid oibre; forbraíonn obair féinmheas, muinín, neamhspleáchas; tugann obair stádas agus meas don duine; sásaíonn sí riachtanais shíceolaíocha agus shóisialta, etc.**
***Eitic oibre:*** **dearcadh ar an obair, lena n-áirítear neamhláithreacht, poncúlacht, tiomantas d'obair agus meas ar údarás, etc.**
***Féiniúlacht phearsanta:*** **tugann gairmeacha áirithe stádas sa phobal don duine, rud a d'fhéadfadh a bheith bainteach le dearcadh dearfach ar an obair, etc.**
***Coinníollacha oibre:*** **an chothromaíocht oibre is saoil níos fusa mar gheall ar obair pháirtaimseartha a bheith ar fáil, postroinnt, fleisc-am agus obair a dhéanamh ón mbaile, atmaisféar san ionad oibre, etc.**
***Teagmháil shóisialta:*** **an tionchar a imríonn cúlra, taithí, piarbhrú, etc.**

**agus**

**3.(b)** (i) Déan plé ar fhorleithne **agus** ar dháileadh na bochtaineachta in Éirinn sa lá atá inniu ann. **(20)**

***4 phointe @ 5 mharc an ceann***
**(1 tagairt d'fhorleithne agus 1 tagairt do dháileadh + 2 cheann eile)**

*Forleithne:* **tháinig laghdú ar líon na ndaoine faoi thairseach na bochtaineachta ó na 1960í agus na 1970í, tháinig méadú ar líon na ndaoine dífhostaithe le linn na 1980í mar go raibh cúlú ar siúl; mar gheall ar an tíogar Ceilteach sna 1990í, bhí méadú ar fhostaíocht agus bhí laghdú ar líon na ndaoine a bhí ag maireachtáil faoi bhun thairseach na bochtaineachta; go luath sna 2000í/i lár na 2000í, bhí méadú ar líon na ndaoine a bhí ag maireachtáil faoi bhun thairseach na bochtaineachta mar gheall ar na praghsanna tithíochta an-ard agus ar an gcostas maireachtála ard; maireann níos mó ná 20% de theaghlaigh na hÉireann faoi bhun thairseach na bochtaineachta; maireann leanbh amháin as gach ceathrar faoi bhun thairseach na bochtaineachta; tá ráta bochtaineachta na hÉireann ar cheann de na rátaí is airde san Eoraip, lena n-áirítear ráta an-ard bochtaineachta leanaí, etc.**
*Dáileadh:* **grúpaí i mbaol – mná os cionn 65 bliain d'aois, teaghlaigh ina bhfuil ceann an teaghlaigh ag obair sa bhaile, daoine aosta, daoine faoi mhíchumas, daoine dífhostaithe, oibrithe ar phá íseal, tuismitheoirí aonair, daoine den lucht siúil, mionlaigh eitneacha; timthriall díothachta i dteaghlaigh; etc.**

(ii) Ainmnigh **agus** tabhair sonraí beart **<u>amháin</u>** sa reachtaíocht chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht in Éirinn. **(10)**

***Ainm = 5mharc***
***1 phointe @ 5 mharc***

Cúnamh agus sochair leasa shóisialaigh: **liúntas cíosa, forlíonadh ar ioncam teaghlaigh, liúntas leasa forlíontach, liúntas chun filleadh ar an obair; sochar linbh, etc.**
Scéimeanna chun caiteachas a laghdú do theaghlaigh ar ioncam íseal: **liúntas éadaí agus bróg chun filleadh ar scoil; leictreachas agus ceadúnas teilifíse saor in aisce; cárta leighis; díolúine ó tháillí scrúduithe; scéim liúntais bhreosla; scéim liúntais mhorgáiste, etc.**
Cláir Forbartha Pobail Áitiúla: **a chothaíonn feasacht ar sheirbhís reachtúil, dheonach agus pobail agus a mhéadaíonn an ullmhacht chun oibre agus ionchais fostaíochta atá ag daoine; NAPS/straitéis um chuimsiú sóisialta – íosráta leasa shóisialaigh; beartas ar oideachas réamhscoile dóibh siúd a fhreastalaíonn ar scoil DEIS; íosphá náisiúnta; íocaíocht as bliain oideachais réamhscoile do gach duine, etc.**
SOLAS: **breisoiliúint a chur ar dhaoine dífhostaithe, oiliúint CV agus rochtain ar dheiseanna fostaíochta, etc.**
MABS: **seirbhís bhuiséadta agus chomhairle airgid atá rúnda agus saor in aisce etc.**
An Rannóg um Chuimsiú Sóisialta: RAPID **(Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt) – comhordú pleanála agus infheistíochta i gceantair áitiúla, etc.**
Clár PEACE: **maoinithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa, a cuireadh ar bun chun dífhostaíocht a chosc agus chun cur ina choinne – reáchtálann tionscnaimh a bhaineann le breisoiliúint a chur ar oibrithe, le tacaíochtaí a thabhairt do ghrúpaí imeallaithe sa lucht saothair, etc.**

**nó**

**3.(c) Ó thaobh na mbunscoileanna de, rinneadh a lán plé faoi phatrún na pátrúnachta atá ag na sainchreidimh reiligiúnacha ar na scoileanna ó oidhreacht agus faoi chearta na saoránach i sochaí nua-aimseartha na hÉireann a bhfuil níos mó éagsúlachta ann ó thaobh cultúir agus reiligiúin de.**
(*An Fóram um Pátrúnacht agus Iolrachas in Earnáil an Oideachais Bhunleibhéil, Tuarascáil Ghrúpa Comhairleach an Fhóraim, 2012*)

Déan plé ar an mbunoideachas in Éirinn.
Déan tagairt dóibh seo a leanas:

- roghanna / na cineálacha bunscoile ***3 phointe @ 3 mharc an ceann*** **(9)**
- an curaclam a chuirtear ar fáil.. ***3 phointe @ 3 mharc an ceann*** **(9)**
- tacaíochtaí / acmhainní oideachais ***2 phointe @ 3 mharc an ceann*** **(6)**
- an soláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. ***2 phointe @ 3 mharc an ceann*** **(6)**

***Rogha / Cineálacha:*** **bunscoileanna maoinithe ag an stát, scoileanna speisialta agus bunscoileanna príobháideacha;**
**Áirítear le scoileanna maoinithe ag an stát scoileanna reiligiúnacha/ sainchreidmheacha – tá an phátrúnacht comhdhéanta de phobal reiligiúnach amháin; scoileanna neamh-shainchreidmheacha, ag foghlaim le chéile; idir-shainchreidmheach – tá an phátrúnacht nó an iontaobhaíocht comhdhéanta de níos mó ná pobal creidimh reiligiúnaigh amháin; scoileanna il-sainchreidmheacha agus gaelscoileanna (scoileanna trí mheán na Gaeilge) á reáchtáil ag Bord Bainistíochta, etc., íocann an stát as formhór na gcostas tógála agus reáchtála de chuid bunscoileanna maoinithe ag an stát, agus déantar ranníocaíocht áitiúil i dtreo a gcostas reáchtála; íocann an Roinn Oideachais agus Scileanna tuarastail na múinteoirí, etc.**

***An curaclam a chuirtear ar fáil:*** **tá sé mar aidhm aige cur ar chumas leanaí freastal, agus féinmhuinín acu, ar éilimh an tsaoil atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo; soláthraíonn sé eispéireas leathan foghlama agus spreagann sé raon saibhir cur chuige éagsúil i leith teagaisc agus foghlama a fhreastalaíonn ar na riachtanais éagsúla atá ag leanaí aonair; tá an curaclam deartha chun an leanbh a chothú i ngach gné dá s(h)aol – gnéithe spioradálta, morálta, cognaíocha, mothúchánacha, samhlaíocha, aeistéitiúla, sóisialta agus fisiciúla; tá an curaclam deartha ina phríomhréimsí: Teanga (Gaeilge agus Béarla), Matamaitic, Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta, TFC, na hEalaíona, lena n-áirítear na hamharcealaíona, Ceol agus Drámaíocht, Corpoideachas, Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte, agus Oideachas Reiligiúnach; seachadtar an curaclam in imeacht ocht mbliana; dírithe ar an bhfoghlaimeoir; béim ar litearthacht, ar uimhearthacht agus ar an teanga; freagraíonn an curaclam do riachtanais atá ag athrú san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, oideachas sóisialta, pearsanta agus sláinte agus saoránacht, etc.**

***Tacaíochtaí / acmhainní oideachais:*** **síceolaithe; comhairleoirí; liúntas chun filleadh ar scoil; seomraí TF; cláir bhána idirghníomhacha; láithreáin ghréasáin agus acmhainní ar líne do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí; fóraim dhíospóireachta do thuismitheoirí; aipeanna oideachais a íoslódáil, cúntóirí teanga, tá cóimheas níos ísle daltaí le múinteoir i scoileanna Gaeltachta, etc.**

***An soláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu:*** **scoileanna speisialta, ranganna speisialta i scoileanna e.g. aonad uathachais; múinteoirí acmhainne; cúntóirí riachtanas speisialta (SNA); cóimheas níos ísle daltaí le múinteoir i scoileanna speisialta; ríomhairí glúine; gnáthaimh aclaíochta oll-luaile agus mínluaile; rampaí etc chun rochtain a fheabhsú, etc.**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2013

# Aistriúchán ar Scéim Mharcála

## EACNAMAÍOCHT BHAILE – EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA OBAIR CHÚRSA SA STAIDÉAR BIA

*Ba chóir na pointí seo a leanas a thabhairt ar aird agus na scéimeanna marcála á bhforbairt:*

- *Is minic nach dtugtar ach eochairfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe nach mór a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a ghnóthú.*
- *Ní liosta uileghabhálach atá sna tuairiscí, modhanna agus sainmhínithe sa scéim agus glacfar le freagraí bailí eile chomh maith.*
- *Is é an comhthéacs, an bealach a gcuirtear an cheist agus líon na marcanna atá ag gabháil leis an gceist ar an scrúdpháipéar a chinneann an méid sonraí a theastaíonn i bhfreagra ar bith. Da bhrí sin is féidir go n-athróidh na riachtanais agus leithdháileadh na marcanna ó bhliain go bliain.*
- *Caithfear focail, nathanna nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus gan a bheith ag teacht salach ar a chéile, agus má bhíonn fianaise ann ar úsáid mhícheart nó ar fhocail a bheith ag teacht salach ar a chéile, ní féidir na marcanna a bhronnadh. Caithfear an t-eolas a chur i láthair faoi na ceannteidil chuí.*

***Tábla Grádúcháin***

| *Grád* | *Bandaí marcanna* |
|---|---|
| **A1** | **360** |
| **A 2** | **340** |
| **B1** | **320** |
| **B2** | **300** |
| **B3** | **280** |
| **C1** | **260** |
| **C2** | **240** |
| **C3** | **220** |
| **D1** | **200** |
| **D2** | **180** |
| **D3** | **160** |
| **E** | **100** |
| **F** | **40** |
| **N.G.** | **Níos lú ná 40** |

***Chun an marc ualaithe a ríomh – roinn an marc amh a bronnadh ar 5. (Slánaigh síos aon mharcanna páirteacha, e.g. 324 = 64)***

# Critéir Ghinearálta Mharcála don Obair Chúrsa Phraiticiúil sa Staidéar Bia

| **Fiosrúchán: Anailís/Taighde – 30 marc** |
|---|

***Taighde agus Anailís*** **= 20**

***Banda A 16-20 marc (an-mhaith – ar fheabhas)***
*Fiosrúchán*
- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht chríochnúil*** *agus* ***anailís chuimsitheach*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go díreach le príomhriachtanais an taisc*
- *atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna cuí agus biachláir/miasa/táirgí á roghnú*

***Banda B 11-15 marc (an-ábalta – go maith)***
*Fiosrúchán*
- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht*** *agus roinnt* ***anailíse*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna cuí agus biachláir/miasa/táirgí á roghnú*

***Banda C 6-10 marc (bunúsach – ábalta)***
*Fiosrúchán*
- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *atá réasúnta cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna agus biachláir/miasa/táirgí á roghnú*

***Banda D 0-5 marc (an-bhunúsach – teoranta)***
*Fiosrúchán*
- *ina bhfuil fianaise* ***ar thuiscint an-bhunúsach teoranta*** *ar phríomhriachtanais an taisc*
- *ina bhfuil cuid den eolas nó an t-iomlán de éiginnte agus gan ach cuid de cruinn; easpa comhleanúnachais sa chur i láthair*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna agus biachláir/miasa/táirgí á roghnú*

**Gach Tasc – 2 bhéile dhá chúrsa / 2 mhias / 2 tháirge/ biachlár lae** **= 4**

***Mura ndéantar fiosrúchán ar an mias a ullmhaítear -1 / -2 mharc san Fhiosrúchán.***
*(biachlár – cúrsa tosaigh / milseog = 1 mharc amháin, príomhchúrsa = 1 mharc amháin)*

*béilí / miasa / táirgí oiriúnacha agus aird á tabhairt ar chúinsí a aithníodh agus a ndearnadh anailís orthu san fhiosrúchán*

***Ní mór biachláir/príomhchúrsa/miasa a bheith cothromaithe – glac le 3 cinn as 4 ghrúpa bia***

**Cúiseanna / critéir leis an rogha – (2 × 2 mharc)** **= 4**
*Léiríonn go soiléir na critéir a chinntigh rogha na méise nó an táirge a roghnaíodh chun é a ullmhú.*

**Foinsí** *ar a n-áirítear foinse an oidis* **– 2 × 1 mharc (2 mharc)** ***= 2***

## Ullmhúchán agus Pleanáil – 6 mharc

Acmhainní (comhábhair ar a n-áirítear costáil, trealamh) **= 3**
- *na príomh-chomhábhair, costas aonaid, an príomhthrealamh a úsáideadh ag brath ar an mias*
  (bíodh coinne le costas ar gach ceann ach amháin Réimse Cleachtais E)

- Roinnt an Ama / Ord na hoibre **= 3**
  - Ullmhúchán, ord na dtascanna, measúnú

  *Banda A: 3 mharc – gach príomhchéim sainaitheanta, an t-ord ceart*
  *Banda B: 2 mharc – roinnt príomhchéimeanna sainaitheanta nó an t-ord mícheart*
  *Banda C: 1 mharc – gan ach roinnt príomhchéimeanna sainaitheanta agus an t-ord mícheart*

## Cur i bhFeidhm – 28 marc

- Cur síos gearr ar an modh oibre a leanadh ar a n-áirítear ullmhúchán, próisis leis an mbia a ullmhú, am cócaireachta / teocht, riar/cur i láthair, níochán, blaiseadh / measúnú. **= 16**
  *(Ba chóir go mbeadh an t-eolas / an cuntas i bhfocail an iarrthóra féin)*

  ***Banda A 13 - 16 marc (an-mhaith – ar fheabhas)***
  *Sainaithnítear gach céim riachtanach in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair i bhfocail an iarrthóra féin iad, san ord ceart agus tagairt cheart don phróiseas / do na próisis ullmhúcháin chuí ar baineadh úsáid astu.*

  ***Banda B 9 - 12 marc (an-ábalta – go maith)***
  *Sainaithnítear formhór na gcéimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair san ord ceart iad le tagairt cheart don phróiseas / do na próisis ullmhúcháin chuí ar baineadh úsáid astu.*

  ***Band C 5 - 8 marc (bunúsach go inniúil)***
  *Sainaithnítear roinnt céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair i bhfocail an iarrthóra féin iad, san ord ceart le tagairt cheart don phróiseas / do na próisis ullmhúcháin chuí ar baineadh úsáid astu.*

  ***Banda D 0-4 marc (an-bhunúsach – teoranta)***
  *Ní shainaithnítear aon cheann, nó ní shainaithnítear ach roinnt, de na céimeanna riachtanacha in ullmhúchán na méise, ní dhéantar achoimre orthu ná ní chuirtear i láthair san ord ceart iad le tagairt cheart don phróiseas / do na próisis ullmhúcháin chuí ar baineadh úsáid astu chun an bia a ullmhú.*

  - **Na príomhchúinsí a cuireadh san áireamh** (caithfidh baint a bheith acu leis an mias / tástáil áirithe) **2 × 4 marc = 8**

  *Sainaithint (2) agus míniú soiléir ar thábhacht (2) dhá chúinse a cuireadh san áireamh a raibh baint chriticiúil acu leis an gcaoi ar éirigh leis an mias.*

  - **Sábháilteacht / Sláinteachas** **2 × 2 marc = 4**

  **(**caithfidh baint a bheith acu le comhábhair áirithe atá in úsáid / leis an mias atá á cócaráil)
  *Sainaithint (1) agus míniú soiléir (1) ar phríomh-shaincheist sábháilteachta **amháin** **agus** ar phríomh-shaincheist sláinteachais **amháin** a cuireadh san áireamh agus an mhias á hullmhú agus á cócaráil / an tástáil á dhéanamh.*

## Measúnú – 16 mharc

Déan measúnú ar an tasc sna téarmaí seo:

- **Cur i bhFeidhm** **2 × 4 mharc an ceann = 8**
  ***Banda A - 4 mharc** – shainaithin, agus rinne anailís ar, laigí / láidreachtaí sainiúla agus an tasc á dhéanamh, cuireadh bonn soiléir faoi mhionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh anailís chriticiúil ar úsáid acmhainní / pleanáil*
  ***Banda B- 3 mharc** – shainaithin laigí / láidreachtaí sainiúla agus an tasc á dhéanamh, cuireadh bonn éigin faoi mhionathruithe a moladh, rinneadh anailís theoranta ar úsáid acmhainní / pleanáil*
  ***Banda C- 2 mharc** – rinneadh iarracht éigin laigí **nó** láidreachtaí a shainaithint agus an tasc á dhéanamh, níor cuireadh bonn faoi mhionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh tagairt d'úsáid acmhainní / don phleanáil*

- **Sainriachtanais** an taisc **2 × 4 mharc an ceann = 8**
  ***Banda A: 4 marc** - baineann tátal eolach as an obair i gcás dhá phríomhriachtanas de chuid an taisc*
  ***Banda B: 3 mharc** – baineann tátal teoranta as an obair i gcás dhá phríomhriachtanas de chuid an taisc*
  ***Banda C: 2 mharc –** déanann achoimre ar dhá thoradh ar an obair maidir leis an tasc*

**Réimse Cleachtais A – Cur i bhFeidhm Phrionsabal an Chothaithe**
**Tasc 1**

***'Is coir níos mó a dhéanamh chun an teachtaireacht a scaipeadh gur bunús iontach d'oideachas an linbh agus dá s(h)láinte sa todhchaí é béile folláin a ithe ar scoil.'*** ***Jamie Oliver***

Déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaitheacha agus ar na treoirlínte pleanála béilí is cóir a chur san áireamh agus béilí á bpleanáil do pháistí idir 6 agus 12 bhliain d'aois.
Agus na cúinsí seo á gcur san áireamh agat, dean fiosrú ar réimse de bhiachláir (dhá chúrsa) a bheadh oiriúnach do phríomhbhéile an lae don ghrúpa seo de pháistí atá in aois scoile.
Ullmhaigh, cócaráil agus riar **ceann amháin** de na príomhchúrsaí a bhfuil taighde déanta agat orthu.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** le sainriachtanais an taisc.

**Príomhriachtanais an taisc**

- *riachtanais chothaithe/chothaitheacha ba cheart a bhreithniú agus béilí á bpleanáil do pháistí idir **6 – 12 bhliain d'aois***
- *treoirlínte ábhartha do phleanáil béile le tagairt ar leith do pháistí **6 – 12 bhliain d'aois***
- *raon de bhiachláir (dhá chúrsa) don phríomhbhéile*
- *mias phríomhchúrsa agus cúiseanna leis an rogha.*

## Fiosrúchán

**Riachtanais chothaithe / chothaitheacha** – *cothromaíocht chothaitheach, riachtanais laethúla mhacra- / micreachothaitheach ar a n-áirítear riachtanais phróitéine / charbaihiodráite / saille / iarainn / chailciam mar is cuí do riachtanais pháistí 6 – 12 bhliain d'aois agus na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le héagsúlacht, neart snáithín, Vitimín C / ionsú iarainn, Vitimín D / ionsú cailciam, an gá atá le breis B6, B12 chun fuinneamh a scaoileadh agus do mheitibileacht, éagsúlachtaí a d'fhéadfadh a bheith i riachtanais fuinnimh, cothromaíocht fuinnimh maidir le leibhéil ghníomhaíochta, treoirlínte cothaitheacha reatha maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia, etc.*

**Treoirlínte pleanála do bhéilí –** *úsáid na pirimide bia le cothromaíocht a chinntiú – laghdaigh an dóchúlacht go dtiocfadh murtall ar leanaí, éagsúlacht bianna, roghanna pearsanta – féadfaidh páistí a bheith beadaí i rith malltréimhsí fáis agus goile mór a bheith acu i rith ráigeanna fáis, 'faisin' choitianta bia' – diúltaíonn páistí bianna a thaitníodh leo a ithe nó íosfaidh siad bia amháin nó dhó arís is arís eile, iontógáil cheart leachtanna chun an díhiodráitiú a chosc – 8 ngloine leachta in aghaidh an lae, bianna le neart snáithín, cur leis an méid cailciam, seachain bianna ina bhfuil a lán salainn, saille sáithithe agus siúcra, i.e. bianna áise; má roghnaítear bianna áise, roghnaigh bianna treisithe, roghnaigh sneaiceanna sláintiúla, lig do ghoile agus patrúin fáis an linbh a chinneadh cé acu atá sneaiceanna de dhíth nó nach bhfuil, bianna a dhíleáitear go héasca, bianna atá sa séasúr – ceisteanna faoi acmhainní, éagsúlacht bianna ar go leor dathanna, blasanna agus uigeachtaí difriúla, tairg dóibh an bia is fearr leo agus tabhair isteach bianna nua ceann ar cheann, codanna níos lú – sciartha bia atá 'oiriúnach do pháistí', féadfaidh riochtaí míochaine tionchar a imirt ar na bianna a itear, gnéithe céadfacha, éiríonn níos fearr le páistí a mbíonn cothú níos fearr acu, dírigh ar dhea-phatrúin itheacháin an linbh, bianna teo le hiad a choinneáil te, baint a bheith ag páistí le pleanáil biachlár, siopadóireachta agus ullmhú bia, gan brú a chur ar pháistí ithe, a bheith i d'eiseamláir maidir le nósanna itheacháin, coinnigh ort ag tairiscint bianna nua – ná héirigh as, ullmhaigh leaganacha baile de mhearbhianna, gearr agus leag amach bia ar bhealach spraíúil, e.g. dipeanna le glasraí, bain úsáid as anlainn dhathannacha, seachain deochanna súilíneacha – tairg uisce, bainne nó súnna, ith leis an teaghlach – bí ag caint ag an mbord, bain úsáid as amanna béile le múineadh do pháistí conas roghanna sláintiúla bia a dhéanamh agus taispeáin dea-iompar itheacháin, ná bain úsáid as bianna mar dhuais d'iompar dearfach ná diúltach mar is féidir mothú diúltach a cheangal le bianna, tabhair bia do pháistí nuair a bhíonn ocras orthu ach gan iad a bheith 'stiúgtha', nuair a bhíonn siad suaimhneach agus ní nuair a bhíonn siad róthuirseach.*

**Na miasa roghnaithe - raon de bhiachláir (dhá chúrsa) don phríomhbhéile**
**- caithfidh siad a bheith oiriúnach do pháistí 6 – 12 bhliain d'aois**
**- caithfidh príomhchúrsa a bheith ann.**

Measúnú **(sainriachtanais an taisc)**
*Anailís ar na torthaí a fuair tú maidir le riachtanais chothaithe raon príomhchúrsaí do pháistí 6 – 12 bhliain d'aois atá ag freastal ar scoil.*
*Treoirlínte pleanála do bhéilí – raon miasa príomhchúrsa a bheadh oiriúnach do pháistí 6 – 12 bhliain d'aois atá ag freastal ar scoil, an tslí a gcomhlíonann an mhias a roghnaíodh na riachtanais a aithníodh san fhiosrúchán.*

**Tasc 2**

| |
|---|
| ***Tá sé faighte amach go bhfuil buntáistí ag baint le haistí bia veigeatóracha atá pleanáilte go maith chun cosc a chur ar mhórán galar meathlúcháin agus chun cóireáil a dhéanamh orthu.*** <br> Agus tú ag tagairt don ráiteas seo, fiosraigh **(i)** na cineálacha éagsúla aistí bia veigeatóracha agus **(ii)** na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith leo. <br> Déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaitheacha agus ar na treoirlínte pleanála béilí is cóir a chur san áireamh agus béilí á bpleanáil do dhuine ar veigeatóir é/í. <br> Agus na tosca atá sonraithe agat sa taighde á gcur san áireamh, roghnaigh aiste bia veigeatórach ar leith agus mol réimse mias príomhchúrsa a bheadh oiriúnach do phríomhbhéile an lae. <br> Ullmhaigh, cócaráil agus riar **ceann amháin** de na príomhchúrsaí a bhfuil taighde déanta agat orthu. <br> Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** le sainriachtanais an taisc. |

**Príomhriachtanais an taisc**

- *na cineálacha éagsúla aistí bia veigeatóracha*
- *na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le haistí bia veigeatóracha*
- *riachtanais chothaithe/chothaitheacha ba cheart a bhreithniú agus béilí á bpleanáil* ***do dhuine ar veigeatóir é/í***
- *treoirlínte ábhartha do phleanáil béile*
- *aiste bia veigeatórach faoi leith a shainaithint – mura luaitear í -2 mharc*
- *raon mias príomhchúrsa*
- *mias phríomhchúrsa agus cúiseanna leis an rogha.*

**Fiosrúchán**

***Na cineálacha éagsúla aistí bia veigeatóracha: lachtveigeatóir*** *– ní áirítear feoil, iasc, éineoil, áirítear táirgí déiríochta, etc.* ***veigeán/dian-veigeatóir*** *–ní áirítear gach bia de bhunús ainmhíoch, etc.* ***veigeatóir uibheacha*** *– ní áirítear feoil, éineoil agus iasc ach áirítear táirgí ainmhíocha, e.g. táirgí déiríochta agus uibheacha,* ***veigeatóir éisc*** *– ní áirítear feoil ach áirítear iasc, etc.* ***veigeatóir circeola*** *– ní áirítear feoil dhearg agus iasc ach áirítear circeoil, etc.* ***leath-veigeatóir*** *– itheann iasc agus/nó circeoil ach ní itheann feoil dhearg, etc.* ***toraitheoir*** *– ní itheann ach torthaí aibí ó phlandaí agus crainn, etc.*

***Na buntáistí a bhaineann le haistí bia veigeatóracha:***
*e.g. easpa saille sáithithe mar sin laghdaíonn an baol galar corónach croí (GCC) agus colaistéaról ard, laghdaíonn minicíocht neamhord stéige, e.g. clocha domlais agus galar putóige (neart snáithín), is lú an seans go dtarlódh murtall agus roinnt cineálacha ailse, baol níos ísle maidir le diaibéiteas, itheann veigeáin níos lú salainn agus níos mó potaisiam as a leanann brú fola níos ísle, is féidir aistí bia veigeatóracha a mholadh chun meáchan a bhainistiú gan cur isteach ar chaighdeán na haiste bia de bharr go bhfuil neart cothaitheach iontu, comhlíonann siad treoirlínte maidir le haiste bia, tá neart snáithín iontu chomh maith le héagsúlacht mhór vitimíní agus mianraí, itear níos mó táirgí úra agus mar sin níos lú breiseán, etc.*

***Cleachtais chothaithe / riachtanais chothaitheacha*** *- cothromaíocht chothaitheach, riachtanais laethúla mhacra-/micreachothaitheach ar a n-áirítear riachtanais phróitéine / charbaihiodráite / saille / iarainn / chailciam mar is cuí, neart snáithín, vitimín C / ionsú iarainn, Vitimín D / ionsú cailciam, vitimín B12, méadaigh ionghabháil fosfair agus since, lean na treoirlínte cothaitheacha reatha maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia, etc.*

***Treoirlínte pleanála do bhéilí –*** *úsáid pirimid an bhia veigeatóraigh le béilí cothromaithe a chinntiú, roghnaigh foinsí eile próitéine don aiste bia, e.g. Quorn, tofu, próitéin uigeach ghlasraí (TVP) – roghanna maithe iad mar tá an caighdeán próitéine iontu chomh hard céanna le próitéin ainmhíoch, breithnigh cén cineál veigeatóir atá i gceist, bíodh gránaigh shlánghráin san áireamh le gairbhseach a sholáthar, táirgí treisithe, e.g. gránaigh don ghrúpa vitimíní B agus D mar nach bhfaightear iad sa ghrúpa glasraí, bainne soighe treisithe i gcomhair cailciam, bain úsáid as malairt bianna déiríochta, e.g. bainne soighe, seachain bianna próiseáilte, bain úsáid as luibheanna agus spíosraí in áit salainn le blas a chur ar bhianna, bain úsáid as ciúbanna stoic glasraí seachas stoc ainmhíoch, seachain táirgí le geilitín in aistí bia veigeáin, úsáid saill glasraí in áit saill ainmhí, ith bianna ina bhfuil próitéiní iomlána leis na haimínaigéid go léir a sholáthar sa choibhneas ceart, etc.*

**Na miasa roghnaithe - aiste bia veigeatórach faoi leith a shainaithint**
**- caithfidh príomhchúrsa a bheith ann.**

**Measúnú** (sainriachtanais an taisc)
*Anailís ar thorthaí maidir lenar fhoghlaim tú ón bhfiosrúchán faoi aistí bia veigeatóracha a bhainistiú, nithe ba cheart a chur san áireamh agus béilí á bpleanáil do veigeatóirí ar mian leo meáchan sláintiúil a choimeád, agus le dóthain cothaitheach a chinntiú, cé na bianna atá oiriúnach/mí-oiriúnach, cad iad na gnéithe de phleanáil béilí a chaitear a chur san áireamh,, etc., an tslí a gcomhlíonann an mhias roghnaithe na riachtanais a shainaithnítear san fhiosrúchán.*

**Réimse Cleachtais B – Ullmhúchán Bia agus Próisis Chócaireachta**
**Tasc 3**

***Is dhá chineál taosráin iad puth-taosrán garbh agus taosrán choux a úsáidtear go minic sa bhácáil bhaile.***
Cuir puth-taosrán garbh **agus** taosrán choux i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile maidir

- le húsáidí i miasa milse agus neamh-mhilse
- le heochairphointí is coir a leanúint chun go n-éireodh leat agus gach taosrán á dhéanamh agat agus na bunphrionsabail atá i gceist ▪ le costas.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar mias amháin (milis nó neamh-mhilis) a bhfuil taighde déanta agat uirthi.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** leis na buntáistí agus/nó na míbhuntáistí a bhaineann leis an gcineál seo taosráin a dhéanamh sa bhaile.

**Príomhriachtanais an taisc**

- ***úsáid*** *i miasa milse agus neamh-mhilse*
- ***príomhphointí*** *le leanúint* ***le rathúlacht a chinntiú*** *agus gach cineál taosráin á dhéanamhna* ***bunphrionsabail*** *atá i gceist* - ***an costas*** **-** *raon miasa*
- *mias roghnaithe –* ***milis nó neamh-mhilis*** *– agus cúiseanna leis an rogha.*

**Fiosrúchán**
**Cuir puth-taosrán garbh agus taosrán choux i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile:**
**Úsáid: Puth-taosrán garbh – miasa milse:** *smailceacha suibhe & uachtair, toirtín úll oscailte na Fraince, galettes torthaí úra, cístí Eccles, slisní piorra & almóinní, etc.* **miasa neamh-mhilse:** *galettes muisiriúin & bagúin, vol-au-vents, pióg stéige & duáin.*
**Taosrán choux – miasa milse:** *éclairs, profiteroles, ealaí/fáinní choux, bouches, smailceacha choux, gateaux St Hanore,* **miasa neamh-mhilse:** *gougere glasraí, smailceacha choux neamh-mhilse, toirtín choux bradáin, etc.*

**Príomhphointí le leanúint le rathúlacht a chinntiú agus gach cineál taosráin á dhéanamh.**
**Puth-taosrán garbh:** *braitheann éadroime ar an aer a chuirtear isteach ann, tá fuacht riachtanach ionas nach leáfaidh saill, bain úsáid as im mar go leánn margairín níos tapúla agus ní bhíonn uigeacht mhaith ag leanúint as, ná brúigh an t-im isteach an iomarca, chun éifeacht sraithe a bhaint amach cuir an taosrán sa chuisneoir idir gach seal fuinte, láimhseáil é a laghad agus is féidir, ná bíodh an meascán ró-fhliuch, bain úsáid as beagán plúir chun an taosrán a rolladh amach, lig dó fuarú idir gach rolladh, rollaigh go héadrom is go cothrom é, teocht ard cócaireachta, cuir uisce seachas saill ar bhun an tráidire bácála chun ró-chócaireacht an bhoinn a sheachaint, etc.*
**Taosrán Choux:** *meáigh na comhábhair go cruinn, le héadroime agus brisce a chinntiú buail go hard é gach uair a chuirtear ubh leis, buail é go dtiocfaidh snas air, ba chóir don spúnóg adhmaid a bheith in ann seasamh sa mheascán, bíodh an t-oigheann réamh-théite, ná hoscail doras an oighinn, ba chóir don taosrán a bheith briosc ach éireoidh sé spadalach agus righin má bhuaileann an taise é – líon agus ith é go luath tar éis a chócaireachta, bain úsáid as plúr láidir mar neartaíonn an glútan breise an taos, ná fiuch an t-uisce fad a bhíonn an t-im ag leá mar galóidh an t-uisce fiuchta agus laghdófar an méid uisce, buail isteach na huibheacha go réidh leis an dlús ceart a fháil, lig don mheascán fuarú sula gcuirtear na huibheacha isteach ionas nach dtéachtfaidh próitéin na n-uibheacha nuair a chuirtear isteach iad, má bhíonn an iomarca uibheacha ann beidh an tsraith amuigh crua agus mura mbíonn go leor uibheacha ann beidh an tsraith amuigh tanaí agus brisfidh go héasca, má chuirtear an plúr le huisce te go réidh coimeádfaidh an chéad chuid den phlúr níos mó taise agus beidh taos míchothrom ann agus an chócaireacht míchothrom mar thoradh air, ná buail an meascán an iomarca mar ionsúitear an tsaill agus an t-uisce sa stáirse agus d'fhéadfadh sé go scaoilfí cuid den tsaill agus go nglacfaí isteach uisce ina háit – mar sin bheadh an meascán sailleach ar an taobh amuigh, ní ardóidh an taosrán mura gcuirtear aer sa mheascán nó má théachtann an ubh agus má bhíonn sí 'cócaráilte' sula gcuirtear taosrán isteach san oigheann, ní bheidh an taosrán briosc má bhíonn an meascán róthais ná mura mbíonn an t-oigheann sách te ná má bhíonn an t-achar cócarála róghearr, nuair a chócaráiltear iad scoilt na taosráin atá le líonadh chun an taobh istigh a thriomú agus a dhéanamh briosc, etc.*

**Na bunphrionsabail.**
**Puth-taosrán garbh:** *bíodh an t-oigheann réamh-théite go dtí 200 – 220°C; laghdaigh tar éis 10 nóiméad chun an líonadh a chócaráil,* ***teocht*** *ard le go bpléascfaidh na gránaigh stáirse sa phlúr ionas go n-ionsúfaidh siad saill, sáinnítear* ***aer*** *le linn an taos a fhuineadh agus a fhilleadh, leathnaíonn an t-aer sin nuair a théann sé ann agus mar sin ardaíonn an taosrán, iompaíonn an t-uisce san im ina ghal agus brúnn na sraitheanna taosráin amach óna chéile, ligeann an glútan sa phlúr don taosrán síneadh, cuireann sraitheanna tanaí cuma éadrom, dea-ardaithe air, bogann an sú líomóide an glútan le go mbeidh an taosrán níos leaistí, athraíonn stáirse ina dheistrin, rud a chuireann crústa ar an taosrán, etc*
**Taosrán Choux:** *bíodh an t-oigheann réamh-théite go 220°C, cuirtear an plúr isteach go tapa ionas go n-ionsúitear an t-uisce te isteach sa phlúr, cuirtear* ***aer*** *leis an meascán trí nuair a bhuailtear é chun bolgáin bheaga a chruthú a n-athróidh ina mbolgáin mhóra ghaile le linn na cócarála, téachtann an phróitéin sna huibheacha chun an taobh amuigh a nascadh le chéile, cuirtear taise leis an meascán agus déantar* ***gal*** *de nuair a théitear é, mar sin ardaíonn an meascán, cócaráiltear an taobh amuigh chun sraith leaisteach in-dífhoirmithe a chruthú, ligeann glútan don taos ardú, athraíonn stáirse sa phlúr ina dheistrin agus tagann dath órdhonn air, etc.*

**Costas:** *an costas a bhaineann le puth-taosrán garbh agus taosrán choux – ráiteas comparáide.*

**Na miasa roghnaithe – caithfidh siad a bheith ina miasa milse nó ina miasa neamh-mhilse a bhfuil taighde déanta orthu**
**Measúnú** (mar a shonraítear sa tasc) – *buntáistí agus/nó míbhuntáistí a bhaineann leis an gcineál seo taosráin a dhéanamh sa bhaile. (is féidir buntáiste/míbhuntáiste amháin nó dhá bhuntáiste/dhá mhíbhuntáiste a thabhairt)*

**Réimse Cleachtais C: Teicneolaíocht an Bhia**
**Tasc 4**

***Tá méadú tagtha ar an éileamh ar shubha, glóthacha agus marmaláidí déanta sa bhaile agus borradh faoi mhargaí feirmeoirí agus faoi shiopaí bia ceardaithe.***
Déan taighde ar dhéanamh subh (subha, glóthacha agus marmaláidí) maidir le gach ceann acu seo a leanas***:***

- na torthaí éagsúla agus na meascáin torthaí is féidir a úsáid
- conas a chuirtear an leasú i gcrích agus na bunphrionsabail atá i gceist
- árthaí oiriúnacha agus lipéadú
- fadhbanna a d'fhéadfadh a teacht chun cinn

Ullmhaigh, déan agus cuir i bpota cineál **amháin** suibhe torthaí a bhfuil fiosrú déanta agat air.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** le praiticiúlacht subha a dhéanamh sa bhaile.

**Príomhriachtanais an taisc**
**Fiosrúchán:**

- *na torthaí éagsúla agus na meascáin torthaí is féidir a úsáid is subha, glóthacha agus marmaláidí á ndéanamh*
- *conas a chuirtear an leasú i gcrích*
- *na bunphrionsabail atá i gceist*
- *árthaí oiriúnacha agus lipéadú*
- *na fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn*
- *raon táirge*
- *an táirge roghnaithe agus an chúis lena roghnú*

**Fiosrúchán**
***Taighde ar na torthaí éagsúla agus na meascáin torthaí is féidir a úsáid.***
***Subha:*** *úlla, piorraí, aibreoga, plumaí, sútha talún, sméara dubha, sútha craobh, spíonáin, silíní, mónóga, cuiríní dubha, rúbarb, sabhdánaigh, daimsíní, anainn.* ***Marmaláidí:*** *neachtairíní, oráistí, líomóidí, seadóga.* ***Glóthacha: ú****lla, spíonáin, lóganchaora, troma dearga, fíonchaora agus meascáin díobh siúd, etc.*

***Conas a chuirtear an leasú i gcrích –***
***Subh:*** *nigh na torthaí, bain craiceann díobh, gearr iad, cuir aigéad leo, cócaráil iad le huisce nó gan uisce, tástáil le haghaidh peictine, cuir siúcra leis agus lig dó leá os cionn teas íseal, fiuch go tapa go sroicheann sé pointe téachta, tástáil le haghaidh téachta, bain de an cúr, doirt isteach i gcrúscaí steirilithe (steiriligh i bhfeanoigheann ag 140°C iad ), clúdaigh crúscaí, cuir lipéad orthu, stóráil, etc.*
***Glóthach:*** *gearr torthaí agus déan iad a stobhach le sú líomóide, straidhneáil na torthaí trí mhuislín ar feadh thart ar uair an chloig, cuir uisce leis an sú, cuir siúcra leis, tástáil le haghaidh téachta, laghdaigh ráta fiuchta nuair atá sé gar do phointe téachta ionas nach mbeidh bolgáin aeir sáinnithe sa ghlóthach, bain de an cúr, cuir i bpotaí, clúdaigh, cuir lipéad air, stóráil etc.*
***Marmaláid:*** *glan na torthaí, bain craiceann díobh, bain laín, mionghearr, cuir craiceann, aigéad agus leath an uisce i sáspan, suanbhruith iad go mbeidh siad bog, gearr an chuid eile de na torthaí agus an laín agus suanbhruith é leis an gcuid eile den uisce go ceann na n- uaireanta an chloig, straidhneáil trí shíothlán, cuir craiceann leis an laíon straidhneáilte, faigh réidh leis an bhfarasbarr uisce trí é a fhiuchadh* ***nó*** *bain amach síolta agus gearr torthaí – is féidir próiseálaí a úsáid, déan na torthaí a stobhach go réidh go mbeidh an craiceann bog, cuir siúcra leis, fiuch go mbaintear pointe téachta amach, tástáil le haghaidh téachta, bain cúr de, lig dó fuarú beagán, cuir i bpotaí, clúdaigh, cuir lipéad air, stóráil etc.*
***An bunphrionsabal atá i gceist –*** *déantar torthaí* ***a fhiuchadh go dtí 100°C +****, scriosann teas einsímí agus miocrorgánaigh agus bogann na torthaí, scaoiltear peictin, cuirtear siúcra leis, rud a chuireann bac ar fhás mhiocrób trí thuaslagán dlúth a chur timpeall chealla na miocrób a tharraingíonn uisce amach as cealla na miocrób trí* ***osmóis,*** *tuaslagán 65% siúcra de dhíth, scaoileann aigéad sna torthaí peictin as na torthaí, rud a fheidhmíonn mar ghníomhaire téachta, cuirtear torthaí nach bhfuil mórán peictine iontu le torthaí a bhfuil go leor peictine iontu chun téachtadh sásúil a bhaint amach, crúscaí a steiriliú, etc.*
***Fadhbanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn***
***Gan téachtadh*** *– aigéad/peictin neamhdhóthanach, torthaí ró-aibí nó gan a bheith fiuchta a ndóthain, gan go leor siúcra ann, etc.* ***torthaí / craiceann ar an mbarr*** *– níor ligeadh don táirge fuarú sular cuireadh i bpotaí é, etc.* ***criostalú*** *– déantar an táirge a fhiuchadh sula mbíonn an siúcra leáite, aigéad neamhdhóthanach, ró-chócaráilte nó an iomarca siúcra, etc.* ***coipeadh*** *– tuaslagán an tsiúcra neamhdhóthanach, achar fiuchta neamhdhóthanach nó torthaí ró-aibí, etc.* ***múscán ag fás*** *– gan go leor siúcra, níor cuireadh an táirge sa phota ná níor clúdaíodh i gceart é, torthaí ró-aibí, etc.* ***crapadh*** *– clúdach neamhdhóthanach, stóráil mícheart, etc. torthaí* ***ag greamú*** *le bun an phota – níor cuireadh gréisc ar an bpota, etc.*
***Árthaí oiriúnacha agus lipéadú*** *e.g. crúscaí gloine, dioscaí ciartha, dioscaí ceallafáin, polaitéin don reoiteoir, claibíní glana, lipéid, etc.*
***Mura ndéantar fiosrúchán ar phacáistiú – 3 marc***
***Na miasa roghnaithe – subha, glóthacha agus marmaláidí.***
**Measúnú (mar a shonraítear sa tasc)** *Praiticiúlacht a bhaineann le táirgí leasaithe a dhéanamh sa bhaile (subha, glóthacha agus marmaláidí) – ceisteanna acmhainní – am, scileanna, trealamh, pacáistiú, stóráil, teacht ar chomhábhair, costas, etc.*

**Réimse Cleachtais D – Miasa a léiríonn Airíonna Bia**
**Tasc 5**

***Luann mórán oideas móréilimh gur gá maranáid a úsáid.***
Déan taighde ar gach ceann acu seo a leanas:
- na cúiseanna a mbaintear úsáid as maranáidí agus bia á ullmhú
- réimse mias a léiríonn an úsáid a bhaintear as maranáidí éagsúla
- na bunphrionsabail a bhaineann le húsáid maranáidí.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar mias **amháin** ina n-úsáidtear maranáid.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** le cé chomh maith agus a d'éirigh leis an maranáid an fheidhm a bhí leis a bhaint amach..

**Príomhriachtanais an taisc**
- *na cúiseanna a mbaintear úsáid as maranáidí agus bia á ullmhú*
- *réimse mias a léiríonn an úsáid a bhaintear as maranáidí éagsúla*
- *na bunphrionsabail a bhaineann le húsáid maranáidí*
- *raon mias*
- *mias roghnaithe agus cúiseanna leis an roghnú.*

***Na cúiseanna a mbaintear úsáid as maranáidí agus bia á ullmhú***
*e.g. cuireann le blas bianna, déanann bianna níos boige, fágann bianna níos éasca le díleá, laghdaíonn caillteanas taise, mar sin bíonn bianna níos súmhaire, déanann bia níos folláine, maireann bia níos faide, is féidir gearrthacha feola nach bhfuil ar ardchaighdeán a úsáid, etc.*

**Raon mias a léiríonn úsáid maranáidí éagsúla**
**Maranáid/cuimilteán tirim:** *e.g. meascán de luibheanna/spíosraí brúite/salann/mustard/siúcra le beagán ola, fínéagar/sú citris a chuimlítear ar dhromchla na feola nó an éisc, etc.* ***Miasa:*** *e.g. gríscíní muiceola gourmet, iasc, sicín, etc.*
**Maranáid/cuimilteán fliuch:** *e.g. salann, ola agus aigéad measctha chun taos dlúth a chruthú a ghreamaíonn leis an mbia agus a chlúdaíonn é, etc.* ***Miasa:*** *e.g. satae circeola / muiceola, bia mara, feoil, glasraí, maranáidithe, etc.*
**Maranáidí aigéid:** *e.g. bunús leachtach aigéid, ola, luibheanna/spiosraí, anlann soighe, oinniúin, siúcra, etc.*
***Miasa:*** *e.g. cúscús sicín Mharacó, glasraí fréimhe, iasc, feoil, maranáidithe etc*
**Maranáidí einsímeacha:** *e.g. bunaithe ar thorthaí, e.g. anainn, papá, figí, mealbhacán, cíobhaí, mil, sinséar cuimilte ar bhianna etc.* ***Miasa:*** *e.g. feoil, iasc i maranáid bhalsamach, etc.*
**Maranáidí déiríochta:** *e.g. bainne le iógart /bláthach, etc.* ***Miasa:*** *e.g. sicín Tandoori, muiceoil/ gabhar paiprice, uaineoil, etc.*
**Maranáidí sáile:** *sáinníonn tuaslagáin salainn/sáile taise sa bhia, úsáidtear iad le sicín, turcaí etc.*

***Na bunphrionsabail a bhaineann le húsáid maranáidí***
*e.g.* ***coinníonn*** *olaí e.g. ola olóige, ola seasamain, ola lus na gréine etc.* ***taise*** *i bhfeoil, mar sin bíonn an táirge cócaráilte níos súmhaire mar cailltear níos lú taise i rith na cócarála, iompraíonn ola blas na mblastanas isteach sa bhia, déanann aigéid e.g. súnna citris, fíon, fínéagar, iógart, etc. na slabhraí próitéine agus na fíocháin tacaíochta i bhfeoil a bhriseadh síos (dínádúrúchán), rud a dhéanann an fheoil bog, déanann iógart feoil* ***bog*** *agus cruthaíonn crústa ar an mbia fad a bhíonn sé á chócaráil, cuireann an timpeallacht aigéadach moill ar fhás baictéar, mar a dhéanann ola, a stopann ocsaigin ó bheith ag teagmháil leis an mbia, cuireann spíosraí, luibheanna, gairleog, oinniúin, etc* ***blas*** *ar an mbia, ní mór bia a chlúdach go hiomlán sa mharanáid le go n-oibreoidh sí ar an dromchla go léir, féadfaidh athrú datha, uigeachta agus blas teacht ar bhianna a fhágtar ag maranáidiú rófhada, etc.*

***Na Miasa roghnaithe – caithfear maranáid a úsáid iontu.***

**Measúnú (mar a shonraítear sa tasc)**

*Conas a d'éirigh leis an airí/na hairíonna a roghnaíodh nuair a rinneadh an mhias, i.e. ar éirigh leis an maranáid a cuspóir a bhaint amach, e.g. an bia a dhéanamh bog, blas a chur leis, é a dhéanamh tais, etc.*

**Réimse Cleachtais E: Anailís Chomparáideach agus Anailís Chéadfach san áireamh inti**
**Tasc 6**

| |
|---|
| ***Cuireann mórán cuideachtaí bia rogha fholláin ar fáil mar mhalairt ar a gcuid táirgí chun cur lena n-indíoltacht, m.sh. íseal i saill, íseal i siúcra, íseal i salann.*** <br> Déan taighde ar **trí** tháirge dhifriúla atá ar fail ar an margadh agus a bhfuil rogha fholláin ann mar mhalairt orthu. <br> I gcás táirge **amháin** de do rogha féin, ceannaigh an buntáirge agus an rogha fholláin atá mar mhalairt air. <br> Déan **tástáil thriantánach** chun a fháil amach an féidir le blastóirí idirdhealú a dhéanamh idir an buntáirge agus an rogha fholláin atá mar mhalairt air. <br> Déan torthaí na tástála a chur i láthair. <br> Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena fheidhmiú agus **(b)** leis na torthaí tástála a fuarthas (i.e. anailís ar na tosca a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn leis na torthaí tástála a fuarthas)**.** |

**Príomhriachtanais an taisc**

- *taighde ar* ***thrí tháirge éagsúla atá ar fáil ar an margadh agus a bhfuil rogha fholláin ann mar mhalairt orthu***
- ***do rogha táirge*** *agus cúiseanna leis an rogha*
- ***tástáil thriantánach***
- *coinníollacha le rialú i rith na tástála.*

**Fiosrúchán**

- Taighde / Fiosrúchán ar tháirgí a bheadh oiriúnach don tástáil
  *i.e. déan fiosrúchán ar thrí tháirge éagsúla atá ar fáil ar an margadh agus a bhfuil rogha fholláin ann mar mhalairt orthu (i.e. cineálacha, brandaí, roghanna folláine, etc.).* **= 20**

- ***Tástáil thriantánach***

***Tuairisc:*** *Tugtar trí shampla chódaithe don tástálaí, dhá shampla atá mar an gcéanna agus ceann amháin éagsúil, iarrtar ar an tástálaí an sampla atá éagsúil a aithint, etc.*
***Aidhm na tástála****: lena fháil amach an bhfuil difríocht inbhraite idir buntáirge agus an rogha fholláin atá mar mhalairt air, etc.*
***Torthaí féideartha****: lena fhiosrú an bhfuil difríocht inbhraite idir na táirgí.*

**Na coinníollacha atá le rialú i rith na tástála a shainaithint**
*Coinníollacha a bhaineann go sonrach leis an tasc, e.g. méid, cruth agus dath na gcoimeádán a úsáidtear don tástáil, teocht na samplaí, mórán an méid céanna i ngach sampla, códú na samplaí, sláinteachas, uainiú, an áit a ndéantar an tástáil, tosca maidir le haiste bia, etc.*

- **An mhias/táirge a roghnaíodh agus na critéir roghnúcháin**

***Táirgí roghnaithe*** *– buntáirge agus rogha folláin* **(2 tháirge @ 2 mharc) = 4**
*Luaigh na cúiseanna leis an rogha.* **(2 chúis @ 2 mharc an ceann) = 4**

***Foinsí – 2 × 1 mharc (2 mharc)*** **= 2**

**Ullmhúchán agus Pleanáil**

- **Acmhainní** **= 3**
- **An príomhthrealamh a theastaíonn leis an tasc a dhéanamh**

***Tástáil thriantánach*** *– 6 thráidire, 6 ghloine uisce, 18 gcoimeádán códaithe, 9 sampla den bhuntáirge, 9 sampla den rogha fholláin atá mar mhalairt air, 6 chárta scórála, bileoga taifid, peann etc.*

***Ord na hoibre*** **= 3**
**Tástáil thriantánach*:*** *cuir cód ar na coimeádáin, ullmhaigh tráidirí, cuir na samplaí den táirge isteach sna coimeádáin, cuir lipéid ar na cártaí scórála agus ar an mbileog thaifid, lean na treoracha ar na cártaí scórála, cuir an tástáil thriantánach i gcrích, bailigh na cártaí scórála, aistrigh torthaí chuig an mbileog thaifid, taispeáin na cóid, cuir torthaí i láthair agus déan measúnú orthu, glan agus nigh gach rud, etc.*

**Cur i bhFeidhm** **= 16**

**Nós imeachta a leantar agus an ghné seo den tasc á cur i gcrích**
***Ba chóir ord iomlán an chur i bhfeidhm a thabhairt agus torthaí na tástála a chur i láthair, etc.***

**Tástáil thriantánach** ***(dhá tháirge)***
*Cuir cód ar 18 gcoimeádán, 6 choimeádán leis an tsiombail □, 6 choimeádán leis an tsiombail ◊, 6 choimeádán leis an tsiombail ○, cuir na samplaí de na táirgí i ngach coimeádán, ullmhaigh 6 tráidire, cuir uimhir 1-6 orthu, bíodh coimeádán amháin ar gach tráidire agus an tsiombail □ ar an lipéad air, coimeádán amháin agus an tsiombail ◊ air, coimeádán amháin agus an tsiombail ○ air,* ***ní mór ord an chur i láthair a bheith cothromaithe, i.e. ní mór gach teaglaim de shamplaí is féidir a bheith ann a chur i láthair,*** *déantar gach táirge a thairiscint an líon céanna uaireanta, i.e. 9 n-uaire, cuirtear na samplaí i láthair in ord randamach agus ní fhaigheann aon tástálaí na samplaí san ord céanna, bíonn na cóid ar gach tráidire mar an gcéanna, athraíonn an táirge sa choimeádán gach uair, leanann tástálaithe na treoracha ar an gcárta scórála, cuirtear ciorcal ar an gcárta scórála timpeall ar an sampla éagsúil as an trí cinn (tá péire acu mar an gcéanna), is féidir samplaí a atástáil, bailíonn an taifeadóir na cártaí scórála agus aistrítear na torthaí chuig bileog thaifid réamhullmhaithe, chun na torthaí a thaifeadadh cuirtear ciorcal timpeall ar an litir a théann leis an tsiombail agus cuirtear tic sa cholún cuí ar gach cárta scórála, comhairtear na freagraí cearta, taispeántar na cóid agus cuirtear na torthaí i láthair, is féidir na torthaí a chur i láthair ar bharrachairt nó ar phíchairt, glan & nigh gach rud, etc.*

- **Na Príomhchúinsí a cuireadh san áireamh (aon 2 cheann @ 4 mharc an ceann)** **= 8**

*Ár na príomhchúinsí is féidir a chur san áireamh lena chinntiú go n-éireoidh leis an tasc seo tá - coinníollacha le rialú i rith na tástála ... códú, an rogha táirgí a úsáidtear, teocht na samplaí, aonfhoirmeacht na samplaí don tástáil, méideanna dóthanacha, gloine uisce nó brioscóg thirim ar fáil chun an blas a ghlanadh den charball, an tábhacht le ciúnas iomlán i rith na tástála, 6 tástálaithe ar fáil lena chinntiú go dtairgtear gach teaglaim samplaí is féidir a bheith ann, samplaí a chur i láthair in ord randamach ionas nach dtairgtear na samplaí san ord céanna d'aon tástálaí, cur i láthair cothrom - gach bia á thairiscint an líon céanna uaireanta - 9 n-uaire, cóid ar gach tráidire le bheith mar an gcéanna i gcónaí, athraíonn an táirge sa choimeádán, níor chóir cóid a úsáid chun leatrom a spreagadh i measc na dtástálaithe, níor chóir baint a bheith ag na tástálaithe le códú ná le hullmhú samplaí ná leis na torthaí a eagrú, etc.*
*(ní mór do na príomhchúinsí tagairt don tástáil iarbhír a rinneadh)*

- **Sábháilteacht agus sláinteachas (pointe sábháilteachta amháin @ 2 mharc + pointe sláinteachais amháin @ 2 marc)** **= 4**

***Sábháilteacht****: ailléirge a bheith ar thástálaithe – táirgí le cnónna, etc, aistí bia speisialta, e.g. diaibéiteach, céiliach, etc., táirgí a bhfuil breiseáin iontu – E-uimhreacha etc.*
*Dea-chleachtas* ***sláinteachais*** *maidir le: an t-ionad ullmhúcháin agus an t-ionad tástála, láimhseáil samplaí – lámhainní plaisteacha / gloiní indiúscartha a úsáid, etc.*

**Measúnú**
- **Cur i bhfeidhm (2 phointe × 4 mharc an ceann)** **= 8**

*Na modhanna tástála a úsáidtear*
*Na Príomhchúinsí agus an tástáil á cur i gcrích*
*Saincheisteanna sábháilteachta agus sláinteachais a cuireadh san áireamh*
*Fadhbanna a bhí ann agus moltaí maidir le réitigh orthu*
*Éifeachtúlacht ord na hoibre a mheasúnú*

- **Sainriachtanais an taisc (1 phointe × 8 marc)** **= 8**

*Ba chóir do dhaltaí na torthaí a fuarthas ar an tástáil thriantánach a mheasúnú agus tátal a bhaint astu.*
*Ba chóir cúiseanna a thabhairt maidir le cén fáth a raibh/nach raibh tástálaithe in ann an sampla éagsúil a aithint, etc.*

**Banda A = 8 marc** **Banda B = 6 marc** **Banda C = 4 marc**

*__Aguisín 1__*

*__Treoracha ginearálta do scrúdaitheoirí maidir le marcanna a bhronnadh.__*

1. Riachtanais an scrúdaithe:
   Ní mór do na hiarrthóirí taifead a dhéanamh ar **chúig** thasc agus iad a chur i láthair le haghaidh an scrúdaithe.
   Maidir leis na **Réimsí Cleachtais**, ní mór d'iarrthóirí an méid seo a leanas a dhéanamh:
   Réimse A – Tasc **amháin**
   Réimse B – Tasc **amháin**
   Réimse C – Tasc **amháin**
   Réimse D – Tasc **amháin**
   Tasc **amháin** eile as Réimse A **nó** as Réimse E
   **Má chríochnaíonn iarrthóir cúig thasc gan riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh** mar atá leagtha amach thuas, marcálfaidh an scrúdaitheoir an cúig thasc mar a chuirtear i láthair iad agus dícheadóidh sé/sí na marcanna a bhronntar as an tasc is ísle marc as Réimse Cleachtais A **nó** E.

2. Caithfidh gníomhaíochtaí praiticiúla éagsúla a bheith i ngach tasc Staidéar Bia.
   **Má dhéanann iarrthóir gníomhaíocht phraiticiúil in athuair don dara tasc**, marcálfaidh an scrúdaitheoir an ghníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta mar a chuirtear i láthair í agus dícheadóidh sé/sí na marcanna a bhronntar as an ngníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta is ísle marc.

3. **Má chríochnaíonn iarrthóir an fiosrúchán agus/nó an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó na gnéithe measúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an cur i bhfeidhm,** marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar na marcanna as **measúnú an chur i bhfeidhm**, áfach, áit a dtugtar faoi sin.
   Maidir leis na Tascanna 3, 4, 5 agus 6, dícheadófar **measúnú ar shainriachtanais** freisin.

4. **Má chríochnaíonn iarrthóir an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó an cur i bhfeidhm agus/nó na gnéithe measúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an fiosrúchán**, marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar marcanna as **measúnú ar shainriachtanais an taisc**, áfach, áit a dtugtar faoi sin.

5. **Mura sainaithnítear an mhias/táirge a ullmhaíodh san fhiosrúchán,** ach má chomhlíonann sé riachtanais an taisc, bain an marc ábhartha a bhronntar (-1/-2) faoi bhéilí/miasa/táirgí san fhiosrúchán.

6. **Ní ghlacfar le hobair thaispeántais an mhúinteora**, mar sin ní bhronnfar aon mharc as cur i bhfeidhm ná as measúnú ar an gcur i bhfeidhm.

7. **Mura bhfuil an mhias roghnaithe ag teacht go hiomlán** leis na riachtanais, e.g.
   - Mias gan ***chócaráil*** roghnaithe nuair a sonraíodh mias chócaráilte
   - Mias ***nach bhfuil oiriúnach d'aiste bia veigeatórach*** - Tasc 2
   - ***Gan maranáid a úsáid*** – Tasc 5
   - Mias roghnaithe nach léiríonn ach ***beagán scileanna próisis***
   - Mias roghnaithe ina mbaintear ***ró-úsáid as bianna áise, e.g. taosrán, maranáidí, etc. a ullmhaíodh ar bhonn tráchtála***.

   Bain – 8 marc ón marc iomlán a bronnadh as an tasc agus cuir isteach míniúchán mar a léirítear thuas.

8. **Mias nach gcomhlíonann riachtanais an taisc,** e.g. milseog a ullmhaíodh in áit príomhchúrsa; ní bhronnfar marc ar bith.

9. Sa chás go ndícheadaíonn múinteoir feidhmiú praiticiúil, ní cheadaítear marc ar bith don **Chur i bhFeidhm** ná do **Mheasúnú ar Chur i bhFeidhm**. Is féidir gach réimse eile a chreidiúnú.

**N.B: Ní mór gach cás a sheiceáil leis an scrúdaitheoir comhairleach sula gcuirtear i bhfeidhm iad. Nuair atá cás á chur i bhfeidhm agat, léirigh sin trí mharcanna S. 7 - 8 a chur leis an tuairim ábhartha ag tús an taisc.**

Leathanach Bán

Leathanach Bán